# An Modúl Idirbhliana Glac le Séadchomhartha

## Modúl maoirseachta oidhreachta áitiúla do Dhaltaí na hIdirbhliana

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Clár Ábhar



| | Sleamhnán Uimh. |
|---|---|
| **Eolas** | **3** |
| **Torthaí foghlama an mhódúil** | **4** |
| **Cuid a hAon: D'oidhreacht áitiúil a fhiosrú** | **5** |
| Cuspóirí Foghlama Chuid a hAon | 6 |
| Gníomhaíocht 1.1: Samplaí den oidhreacht | 7 |
| Gníomhaíocht 1.2: Sainmhíniú ar an oidhreacht | 8 |
| Gníomhaíocht 1.3: An oidhreacht a chatagóiriú | 10 |
| Gníomhaíocht 1.4: An oidhreacht chultúrtha a chatagóiriú | 50 |
| Gníomhaíocht 1.5: D'oidhreacht áitiúil a thabhairt chun cuimhne | 52 |
| Gníomhaíocht 1.6: Taighde a dhéanamh ar d'oidhreacht áitiúil | 53 |
| **Cuid a Dó: Do thionscadal agus taighde a thosú** | **55** |
| Gníomhaíocht 2.1: Foghlaim roimhe seo a thabhairt chun cuimhne | 56 |
| Cuspóirí Foghlama Chuid a Dó | 58 |
| Gníomhaíocht 2.2: Do ghrúpa a bhunú | 59 |
| Gníomhaíocht 2.3: Ceisteanna taighde a chruthú | 60 |
| Gníomhaíocht 2.4: Foinsí féideartha eolais a aithint | 62 |
| Gníomhaíocht 2.5: Ag tagairt do d'fhoinsí eolais | 66 |

| | Sleamhnán Uimh. |
|---|---|
| **Cuid a Trí: Taighde a dhéanamh chun tuiscint a fháil ar do shéadchomhartha** | **68** |
| Cuspóirí Foghlama Chuid a Trí | 69 |
| Gníomhaíocht 3.1: Taighde deisce a dhéanamh | 70 |
| Gníomhaíocht 3.2: A bheith criticiúil le do shonraí | 72 |
| Gníomhaíocht 3.3: Do torthaí taighde a chur le chéile | 75 |
| Gníomhaíocht 3.4: Úsáidí amach anseo do do thorthaí taighde | 81 |
| **Cuid a Ceathair: Do chuairt ar an láthair a phleanáil agus a thabhairt** | **82** |
| Cuspóirí Foghlama Chuid a Ceathair | 83 |
| Gníomhaíocht 4.1: Modhanna fiosraithe agus taifeadta | 85 |
| Gníomhaíocht 4.2: Buntáistí agus míbhuntáistí gach modha | 87 |
| Gníomhaíocht 4.3: Athbhreithniú ar cheisteanna taighde | 89 |
| Gníomhaíocht 4.4: Rudaí le smaoineamh orthu roimh do chuairt | 92 |
| Gníomhaíocht 4.5: Treoirlínte sláinte agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm | 93 |
| Gníomhaíocht 4.6: Do chuairt a thabhairt | 94 |
| Gníomhaíocht 4.7: Do thorthaí oibre allamuigh a thaifeadadh i scríbhinn | 95 |
| Gníomhaíocht 4.8: Do thorthaí taighde allamuigh agus deisce a chur i gcomparáid | 96 |

| | Sleamhnán Uimh. |
|---|---|
| **Cuid a Cúig: Ag gníomhú ar son do shéadchomhartha** | **97** |
| Cuspóirí Foghlama Chuid a Cúig | 98 |
| Gníomhaíocht 5.1: Cé a nglaofaidh tú air? | 100 |
| Gníomhaíocht 5.2: Cén tionchar a d'fhéadfadh athrú aeráide a imirt ar do shéadchomhartha? | 104 |
| Gníomhaíocht 5.3: Léirmhíniú agus a áisiúlacht | 106 |
| Gníomhaíocht 5.4: Conas a léirmhíneofá do shéadchomhartha áitiúil? | 107 |
| Gníomhaíocht 5.5: Léirmhíniú do do shéadchomhartha áitiúil a phleanáil | 108 |
| Gníomhaíocht 5.6a: Léirmhíniú a dhearadh - painéil | 109 |
| Gníomhaíocht 5.6b: Léirmhíniú a dhearadh - bealaí | 110 |
| Gníomhaíocht 5.7: Do léirmhíniú a dhéanamh inrochtana do chách | 111 |
| Gníomhaíocht 5.8: Modhanna agus buntáistí a bhaineann le bheith ag plé leis an oidhreacht | 112 |
| Gníomhaíocht 5.9: Do shéadchomhartha a chur chun cinn trí phreasráiteas | 114 |
| Gníomhaíocht 5.10: Foinsí maoinithe | 115 |
| Gníomhaíocht 5.11: Machnamh ar do mhodúl Idirbhliana Glac le Séadchomhartha | 116 |
| **Buíochas** | **117** |

# Eolas

- Acmhainn réidh le húsáid do mhúinteoirí agus do dhaltaí na hIdirbhliana.
- Deartha le bheith solúbtha (is féidir leat é a dhéanamh ina iomláine nó gnéithe atá uait a roghnú le cur i gcrích).
- Bunaithe ar *Glac le Séadchomhartha ón gComhairle Oidhreachta: Treoir maidir le Tionscadail Seandálaíochta Pobail* de chuid na Comhairle Oidhreachta.
- Treoraítear daltaí agus múinteoirí na hIdirbhliana trí thionscadal oidhreachta atá bunaithe ar a séadchomhartha(í) áitiúil(a).
- Cuirtear gnéithe dá n-oidhreacht áitiúil i láthair na ndaltaí, a spreagann forbairt scileanna a chabhraíonn le hoidhreacht a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn.




Foilseachán iomlán ar fáil le híoslódáil saor in aisce ANSEO

# Torthaí foghlama an mhódúil

**Trí pháirt a ghlacadh sa mhodúl seo, tabharfar deis do dhaltaí:**

1. Cad is brí le hoidhreacht a fhiosrú, agus samplaí d'oidhreacht thógtha seandálaíochta ina gceantar a aithint
2. A gcuid scileanna taighde deisce a fhorbairt agus a chleachtadh chun tuiscint níos fearr a fháil ar a n-oidhreacht áitiúil
3. Cuairt amháin nó níos mó a thabhairt ar an suíomh agus a séadchomhartha(í) áitiúil(a) a fhiosrú agus a thaifeadadh trí theicnící oiriúnacha
4. Limistéir thosaíochta gnímh maidir lena séadchomhartha(í) a aithint
5. A gcuid eolais ar chúram, léirmhíniú agus cur chun cinn séadchomharthaí a fhorbairt
6. Gníomhartha a dhéanamh a chaomhnaíonn, a chosnaíonn agus/nó a chuireann a n-oidhreacht áitiúil chun cinn
7. Tacaíochtaí seachtracha féideartha a aithint a d'fhéadfadh cabhrú lena dtionscadal agus a thionchar a thabhairt chun cinn

# Cuid a hAon:
# D'oidhreacht áitiúil a fhiosrú

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Cuid a hAon: Cuspóirí Foghlama

**Ba cheart go mbeadh an méid a leanas déanta ag gach dalta faoi dheireadh na coda seo:**

1. Brí an téarma ‘oidhreacht’ a thuiscint
2. Samplaí éagsúla oidhreachta a chatagóiriú
3. Samplaí dá n-oidhreacht áitiúil a aithint, trí HeritageMaps.ie a úsáid freisin
4. Suíomhanna/séadchomharthaí oidhreachta áitiúla curtha ar ghearrliosta acu (díreoidh siad a dtionscadal ar cheann acu seo)
5. Tuiscint leathan a bheith acu ar riachtanais an tionscadail

**Is féidir spreagadh a thabhairt do dhaltaí freisin:**

1. Machnamh criticiúil a dhéanamh ar shainmhínithe oidhreachta
2. Oiriúnacht na gcatagóirí seanbhunaithe a mheas chun oidhreacht a aicmiú

# Gníomhaíocht 1.1: Samplaí den oidhreacht

**Treoracha:**

**Ag obair i mbeirteanna, déan liosta de na rudaí a cheapann tú gurb ionann iad agus 'oidhreacht'**

- D'fhéadfadh gur rudaí iad seo a bhaineann le *d'oidhreacht féin, le hoidhreacht duine eile, le hoidhreacht náisiúnta na hÉireann, nó le d'oidhreacht réigiúnach, áitiúil nó fiú teaghlaigh.*
- *Bí réidh le do liosta a roinnt leis an rang*
- *Éist le liostaí do phiaraí. An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú lena gcuid smaointe?*

→

Déan liosta de na rudaí a cheapann tú gurb ionann iad agus 'oidhreacht'

Más mian le do rang a dtuiscint ar oidhreacht a roinnt leis an gComhairle Oidhreachta, is féidir le múinteoirí grianghraif de bhileog oibre amháin nó níos mó a sheoladh ar ríomhphost agus **'IB CAD IS OIDHREACHT ANN?'** a scríobh sa líne ábhair chuig: heritageinschools@heritagecouncil.ie

# Gníomhaíocht 1.2: Sainmhíniú ar an oidhreacht

**Treoracha:**

**Smaoinigh, oibrigh i mbeirteanna, roinn [NÓ oibrigh i mbeirteanna agus ansin oibrigh leis an rang iomlán]:**

1. Ag obair leat féin [nó i mbeirteanna], úsáid do liosta roinnte chun **do shainmhíniú féin ar oidhreacht a scríobh** (thart ar 10-30 focal ar fad)
2. **Roinn do shainmhíniú** le do pháirtí [nó leis an rang] agus cuir i gcomparáid é leo. Aithin na gnéithe coitianta agus tábhachtacha i do shainmhínithe (e.g. Eochairfhocail agus smaointe)
3. **Cuir bhur sainmhínithe le chéile** chun sainmhíniú cuimsitheach níos fearr a chruthú

1. Scríobh do shainmhíniú tosaigh féin anseo:

2. Eochairfhocail agus smaointe coitianta agus tábhachtacha:

3. Do shainmhíniú cuimsitheach níos fearr:

Más mian le do rang a dtuiscint ar oidhreacht a roinnt leis an gComhairle Oidhreachta, is féidir le múinteoirí grianghraif de bhileog oibre amháin nó níos mó a sheoladh ar ríomhphost agus 'IB CAD IS OIDHREACHT ANN?' a scríobh sa líne ábhair chuig: heritageinschools@heritagecouncil.ie

# Sainmhíniú ar an oidhreacht: tuairimí daoine eile

Sainmhínítear san Acht Oidhreachta, 1995 gurb éard atá i gceist le hoidhreacht *"séadchomharthaí, earraí seandálaíochta, earraí oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flóra, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, páirceanna agus gairdíní oidhreachta, báid bhriste, geolaíocht agus uiscebhealaí intíre"*.

Deir Mícheál D. Ó hUigínn gurb éard atá san oidhreacht *'na gnéithe sin go léir de shaol na hÉireann a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin, agus a bhfuil a marthanacht leanúnach amach anseo ag brath ar mheonta agus ar ghníomhartha na linne seo'* (an Chomhairle Oidhreachta, 2023, lch ii)

Déanann UNESCO (2024) cur síos ar oidhreacht mar *'ár n-oidhreacht ón am atá thart, an rud a mairimid leis inniu, agus an rud a thugaimid ar aghaidh chuig na glúnta atá le teacht. Is foinsí beatha agus inspioráide dochloíte iad ár n-oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha araon.'*

**Smaoinigh ar:**

1. Conas atá do shainmhínithe cosúil leo agus difriúil uathu siúd thuas?
2. Cé acu an sainmhíniú is fearr i do thuairimse agus cén fáth?

# Gníomhaíocht 1.3: An oidhreacht a chatagóiriú

**Treoracha:**


**Ag obair i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar:**

1. **Aithin** na samplaí oidhreachta atá sa phictiúr anseo (**má ghearrann tú amach iad,** is féidir iad a chatagóiriú trínár mata boird a úsáid)
2. **Catagóirigh** na samplaí seo bunaithe ar cibé acu an gceapann tú gur oidhreacht chultúrtha, thógtha agus/nó nádúrtha iad

1


10


12



3


6


15



18


8


2



11


13


17



9


5


16


14


4


7


# Gníomhaíocht 1.3: Seiceáil d'fhreagraí

1. **Bundún coirníneach:** Fásann an bundún seo go forleathan timpeall chladaí creagacha na hÉireann. Nuair a bhíonn sé faoi uisce, tagann a gcuid braiteoga dearga dorcha aníos chun creach cosúil le héisc bheaga, portáin agus séacla a chealgadh agus a ghabháil. Grianghraf: Oisín Duffy, an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Eolas: An tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.
2. **Mínscoth á hithe ag bumbóg earr-dhonnbhuí:** Is minic go dtagann banríonacha móra earr-dhonnbhuí as an ngeimhriú i mí Feabhra chun bláthanna dúchasacha luatha cosúil leis an gcaochneantóg rua agus an draighean a ithe. Déanann siad neadacha faoin talamh i seanphoill choinín nó faoi chlocha. Is féidir le coilíneachtaí a bheith mór agus 500 bumbóg oibre a bheith iontu. Grianghraf: Ruth Wilson, an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Eolas: An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.
3. **Caisearbhán:** Léirítear i dtaifid ón Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta gurbh iad caisearbháin an phríomhfhoinse bia do bheacha fiáine in 2022 agus 2023. Is minic a thaitníonn sé le daoine iad a thochailt aníos, ach ní mór dúinn an bláth fiáin dúchasach tábhachtach seo a chosaint. An bhfuil aon ghníomhartha a dhéanann sibh sa bhaile nó ar scoil lena chinntiú go bhfuil teacht ag ár mbeacha fiáine ar chaisearbháin? Grianghraf: Sonraí ar bith. Eolas: An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.
4. **Seamair dhearg:** Chomh maith le bheith ina foinse thábhachtach pailine agus neachtair, feabhsaíonn seamair dhearg torthúlacht na talún trí nítrigin a fhosú san ithir trí bhaictéir ina nóidíní fréimhe. Grianghraf: Sonraí ar bith. Eolas: An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.
5. **Greim an diabhail:** Tá an bláth fiáin dúchasach Éireannach seo ar cheann de na foinsí neachtair agus pailine is tábhachtaí i mí Mheán Fómhair, nuair a bhíonn go leor bláthanna eile stoptha ag bláthú. Grianghraf: Sonraí ar bith. Eolas: An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.
6. **Ceol Gaelach:** Is sampla d'oidhreacht bheo in Éirinn inniu é an ceol Gaelach. Tá bailiúcháin scríofa de cheol Gaelach ón 18ú agus an 19ú haois fós ann, rud a thacaíonn leis an traidisiún seo. Sna bailiúcháin seo tá foinn a chum cláirseoirí a rugadh in Éirinn sa 17ú haois, e.g. Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin agus William agus Thomas Connellan. Grianghraf: Sinéad Kennedy, Cathal Caulfield agus Caitríona Kennedy ag casadh ceol Gaelach, faoi chúram Rónán Ó Dochartaigh, Oideas Gael. Chun eolas breise a fháil faoi cheol Gealach, téigh go dtí: ITMA.ie.
7. **Ciseán móna sailí:** Bhíodh ciseáin sailí ag teastáil gach lá agus bhaintí go leor úsáidí praiticiúla astu i dtithe agus ar fheirmeacha ar fud na hÉireann. Dhéantaí de láimh iad as saileach a d'fhás go háitiúil agus d'úsáidtí iad chun bia, breosla agus móin a stóráil agus a iompar. Ba ghné inbhuanaithe de chultúr tuaithe na hÉireann an traidisiún caoladóireachta seo, inar úsáideadh ábhar in-athnuaite chun freastal ar riachtanais bhunúsacha. Grianghraf agus eolas: Helena Golden, fíodóir sailí, caoladóir, speisialtóir Oidhreacht sna Scoileanna.
8. **Cloch Oghaim:** D'aimsigh Patrick Cogan an chloch seo in áit a gceaptar a bhíodh ina uaimh thalún i mbaile fearainn Mhóin an tSagairt i gCo. Chorcaí sa bhliain 1872. Tá an inscríbhinn, atá ina foirm luath den Ghaeilge ar a dtugtar 'Gaeilge Chianach', scríofa in aibítir Oghaim agus is dócha go bhfuil sé níos sine ná an 6ú haois AD. Is é 'DALAGNI MAQI DALI' atá scríofa air, a chiallaíonn '[cloch] Dhalláin, mac Dhaill'. Cén focal Nua-Ghaeilge a bhaineann le 'MAQI'? Grianghraf: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann. Chun eolas breise a fháil faoi ogham, íoslódáil ár bhfoilseachán Clocha Oghaim. Chun teacht ar eolas breise ar Chloch Mhóin an tSagairt, féach: Ogham in 3D - National Museum / 119. Monataggart II.
9. **Túrtheach ó dheireadh na meánaoise:** Caisleán an Rois a thugtar ar an túrtheach seo ó dheireadh na meánaoise i gCill Airne, Co. Chiarraí. Tógadh é timpeall 1450-1500 tar éis Chríost agus chónaigh teaghlach uasal Gaelach áitiúil Uí Dhonnchú Mhóir ann. Bhí ceithre urlár sa túr, agus a chuspóir féin ag gach ceann acu. Bhí an Halla Mór ar an urlár uachtarach, a úsáideadh le haghaidh féastaí. Grianghraf: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann. Féach www.tuatha.ie/ross-castle/ chun teacht ar eolas breise faoi Chaisleán an Rois.
10. **Cromleac Pholl na Brón:** Rinneadh tochailt ar an gcromleac seo i mBoirinn, Co. an Chláir sna 1980idí, tráth a aimsíodh iarsmaí breis agus 35 duine sa tuama chomh maith le déantáin Neoiliteacha, cosúil le tua cloiche snasta. Mhair na daoine idir 3800 agus 3200 roimh Chríost. Cuireadh an chromleac i dtaifead mar 'Labbayermadagusgrany' (Leaba Dhiarmada agus Ghráinne) sa bhliain 1839 tar éis Chríost, rud a thaispeánann an bhaint a bhí ag an séadchomhartha réamhstairiúil seo le béaloideas na hÉireann i bhfad i ndiaidh gur tógadh é. Chun teacht ar bhreis eolais faoi Pholl na Brón, féach: www.tuatha.ie/poulnabrone-dolmen/ agus logainm.ie. ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann.
11. **Gleann Dá Loch:** Tá an mhainistir seo suite i bPáirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin agus tá fothrach foirgneamh cloiche meánaoiseach inti, cloigtheach agus go leor séipéal san áireamh. Tá bunú an tsuímh bainteach le Naomh Caoimhín, a cheaptar a fuair bás go luath sa 7ú haois tar éis Chríost. Tá a fhios againn ó fhianaise bhunfhoinse (annála) gur dódh an mhainistir ag deireadh an 8ú haois, agus gur chreach na Lochlannaigh í go luath sa 9ú haois. Tá eolas breise ar Ghleann Dá Loch anseo: www.tuatha.ie/glendalough-monastery/. Chun cuid de na hannála atá fós ann ó Éirinn na meánaoise a léamh, téigh go dtí: CELT: Annála Uladh. Grianghraf: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann.

12. **Díon nua tuí a chur ar theach traidisiúnta Éireannach:** Oibríonn tuíodóirí ar dhréimirí agus scafall chun sraitheanna nua tuí a chur ar theach ceann tuí traidisiúnta Éireannach (Teachín Dwyer McAllister, Co. Chill Mhantáin). Fágtar na seansraitheanna tuí ina n-áit agus cuirtear sraitheanna nua ar a mbarr. Coimeádtar an tuí ina áit sa stíl seo tuíodóireachta trí phíosaí coill nó sailí a lúbtar i gcruth U a úsáid, ar a dtugtar scoilb. Tugtar an chíor mhullaigh ar an bpointe is airde ar dhíon agus uaireanta is féidir sonraí maisiúla a chur leis trí phatrún scolb agus tuí a úsáid. Tagann an focal 'scallop' sa Bhéarla ón bhfocal Gaeilge meánaoiseach 'scolb'. Grianghraf: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann. Eolas: Tríona Byrne, an Chomhairle Oidhreachta.

13. **Snoíodóireacht chloiche sa cheardlann:** De ghnáth, snoitear píosaí cloiche de láimh, trí uirlisí cosúil le siséil agus mailléid a úsáid. Tarraingítear cruth agus baintear an farasbarr den chloch go cúramach le siséal agus mailléad chun an cruth atá ag teastáil a nochtadh sa chloch. Moltar trealamh cosanta cosúil le spéaclaí sábháilteachta chun scealpóga cloiche a sheachaint ó bheith ag eitilt isteach sna súile. Grianghraf: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann. Eolas: Tríona Byrne, an Chomhairle Oidhreachta.

14. **Plástrálaí traidisiúnta ag obair:** Ba ghnách gur cuireadh moirtéal aol ar sheanfhoirgnimh (cosúil le Caisleán Charraig an Chabhlaigh i gCo. Mhaigh Eo a thaispeántar anseo). Cuirtear plástar aoil ar an bhfoirgneamh le lián agus leanann sé dromchla na cloiche faoina bun, mar sin is minic a bhíonn cuma chnapach agus mhíchothrom air nuair a bhíonn sé críochnaithe. Is ábhar nádúrtha é aol, a dhéantar as aolchloch, agus is gnách go mbíonn dath bán nó liath air ach is féidir líocha daite a chur leis freisin. An bhfuil a fhios agat cén ceannaire baineann cáiliúil ó stair na hÉireann a bhfuil baint cháiliúil aici le Caisleán Charraig an Chabhlaigh? Grianghraf: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann. Eolas: Tríona Byrne, an Chomhairle Oidhreachta.

15. **Stánadóireacht:** Is sampla d'oidhreacht chultúrtha na hÉireann an cheird seo, a tugadh ar aghaidh ó athair go mac i roinnt teaghlach de chuid an Lucht Siúil. Go traidisiúnta, bhain sé le hearraí miotail tí agus talmhaíochta a dhéanamh agus a dheisiú – seirbhís luachmhar agus thábhachtach faoin tuath in Éirinn. Ní theastaíonn mórán sádrála don cheird agus déantar í den chuid is mó trí inneoin bheaga, casúir agus seamanna a úsáid. Tá an cheird an-soghluaiste dá bharr agus ba é sin ceann de na cúiseanna ba mhó gur éirigh maith leis. Is minic a bhíonn obair stánadóirí an-mhaisiúil agus an-ealaíonta. Cur chuige níos inbhuanaithe i leith cultúr ábhartha í an stánadóireacht ná mar a fheictear go minic i sochaithe caiteacha an lae inniu. Eolas: Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe agus Líonra Chorcaí do Thaistealaithe Mná. Sa Phictiúr: An stánadóir John Hourigan ag obair ar bhuicéad. Íomhá le caoinchead Thionscadal Béaloidis Chorcaí.

16. **Lámhscríbhinn Mheánaoiseach Éireannach:** Is as lámhscríbhinn ón 16ú haois an fóilió (leathanach) seo ar a dtugtar RIA MS D ii 2. Rinneadh as pár é, agus scríobh a scríobhaí, Muiris Ó Clérigh, an téacs agus cleite á úsáid. Is minic a scríobhadh lámhscríbhinní mar seo i nGaeilge agus i Laidin trí script ar a dtugtar 'mionpheannaireacht' a úsáid. Bhí an script á húsáid roimh an gcló Gaelach is féidir leat a fheiceáil go fóill ar chomharthaí sráide Gaeilge inniu! Taispeántar san fhóilió sa phictiúr muc ag seinm na bpíb uilleann, rud a thugann le fios dúinn go raibh na huirlisí seo á seinm sa 16ú haois. Tá dán faoi Loch Léin, Co. Chiarraí, ar an bhfóilió seo freisin. Tá an dán na céadta bliain níos sine ná an lámhscríbhinn agus is cuid de chorp téacsanna é ina bpléitear le seanchas áiteanna in Éirinn, nó *an dinnseanchas*. Le caoinchead Acadamh Ríoga na hÉireann © RIA. Íomhánna curtha ar fáil ag Irish Script on Screen (Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath).

17. **Tuairisceán daonáirimh:** Tuairisceán Daonáirimh 1911 do mhuintir Sheehy-Skeffington a bhí ina gcónaí in 11 Plás Grosvenor, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6. Dhiúltaigh Francis Sheehy-Skeffington, scríbhneoir clúiteach, gníomhaí radacach, agus tacadóir dílis do chearta na mban, sonraí a mhná céile, Hanna, a líonadh isteach ar an bhfoirm dhaonáirimh mar ghníomh ciúin ach cumhachtach agóide. Ba chuid d'fheachtas níos leithne neamh-chomhoibrithe i measc na sufraigéidí é seo, a bhí dírithe ar chur in aghaidh dhiúltú an stáit an vóta a thabhairt do mhná. In ionad eolas Hanna a chur san áireamh, níor liostaigh Francis ach go raibh ceathrar ina gcónaí sa teach: é féin, a mhac óg Owen, agus beirt seirbhíseach, Philomena Morrissey agus Mary Butler. D'fhreagair oifigeach an daonáirimh, James Crozier, tríd an bhfrása 'Eolas Diúltaithe' a chur leis i ndúch gorm ar an bhfoirm agus thug sé buille faoi thuairim ar shonraí Hanna é féin. Ar an drochuair, fuair sé beagnach gach rud mícheart. Thug sé "Emily" uirthi in ionad Johanna, dúirt sé go raibh sí 28 bliain d'aois nuair a bhí sí 33, agus luaigh sé Baile Átha Cliath mar a háit bhreithe in ionad Ceann Toirc i gContae Chorcaí. Dúirt sé fiú go raibh an lánúin pósta ar feadh trí bliana, nuair a bhí siad pósta ar feadh ocht mbliana. Léirigh an gníomh beag agóide seo conas a bhí daoine cosúil le Francis agus Hanna sásta seasamh leis an rud a chreid siad. Tugtar ar an bhfoirm dhaonáirimh seo, lena meascán d'agóid, d'idirghabháil mhaorlathach, agus de mhíchruinneas stairiúil, léargas soiléir ar an teannas idir creideamh pearsanta agus údarás an stáit, agus an misneach a bhí ag teastáil chun gnáthaimh na linne a shárú. Grianghraf: An Chartlann Náisiúnta, Daonáireamh 1911, Baile Átha Cliath, DED Ráth Maonais agus Ráth Garbh Thiar, 61/86. Athchruthaithe le caoinchead Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.

18. **Vaigín bairr bairille:** Is cuid bhródúil d'oidhreacht an Lucht Siúil an vaigín bairr bairille seo, rud a léiríonn traidisiúin chultúrtha an Lucht Siúil a bhaineann le fánaíocht, ealaín, ceardaíocht agus an saol laethúil. Go traidisiúnta, mar chuid de shlí mhaireachtála fánaíochta, bhain an Lucht Siúil úsáid as eolas faoi líonraí campaí traidisiúnta, nó áiteanna stad, agus roinn siad é. Tá an vaigín atá sa phictiúr ar taispeáint go buan ag Taispeántas Chultúr an Lucht Siúil de chuid Líonra Chorcaí do Thaistealaithe Mná, Toraig on the Tobar, ag Músaem Poiblí Chorcaí. Más mian leat níos mó a fhoghlaim faoi chultúr an Lucht Siúil, féach ar an bhfíseán gearr seo. Grianghraf agus eolas: Líonra Chorcaí do Thaistealaithe Mná.

# Gníomhaíocht 1.3: An mata boird catagóirithe oidhreachta

| Oidhreacht chultúrtha | Oidhreacht thógtha | Oidhreacht nádúrtha |
|---|---|---|
| | | |

**Gníomhaíocht bhónais:** An féidir leat aon samplaí a aithint nach n-oireann go hiomlán do chatagóir amháin? Cad a thugann sé seo le fios duit faoi áisiúlacht agus teorainneacha na gcatagóirí oidhreachta seo?

1



1



**Bundún coirníneach:** Fásann an bundún seo go forleathan timpeall chladaí creagacha na hÉireann. Nuair a bhíonn sé faoi uisce, tagann a gcuid braiteoga dearga dorcha aníos chun creach cosúil le héisc bheaga, portáin agus séacla a chealgadh agus a ghabháil. Grianghraf: Oisín Duffy, an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Eolas: An tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

2



2



**Mínscoth á hithe ag bumbóg earr-dhonnbhuí:** Is minic go dtagann banríonacha móra earr-dhonnbhuí as an ngeimhriú i mí Feabhra chun bláthanna dúchasacha luatha cosúil leis an gcaochneantóg rua agus an draighean a ithe. Déanann siad neadacha faoin talamh i seanphoill choinín nó faoi chlocha. Is féidir le coilíneachtaí a bheith mór agus 500 bumbóg oibre a bheith iontu. Grianghraf: Ruth Wilson, an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Eolas: An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.

3



3



**Caisearbhán:** Léirítear i dtaifid ón Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta gurbh iad caisearbháin an phríomhfhoinse bia do bheacha fiáine in 2022 agus 2023. Is minic a thaitníonn sé le daoine iad a thochailt aníos, ach ní mór dúinn an bláth fiáin dúchasach tábhachtach seo a chosaint. An bhfuil aon ghníomhartha a dhéanann sibh sa bhaile nó ar scoil lena chinntiú go bhfuil teacht ag ár mbeacha fiáine ar chaisearbháin? Grianghraf: Sonraí ar bith. Eolas: An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.

4



4



**Seamair dhearg:** Chomh maith le bheith ina foinse thábhachtach pailine agus neachtair, feabhsaíonn seamair dhearg torthúlacht na talún trí nítrigin a fhosú san ithir trí bhaictéir ina nóidíní fréimhe. Grianghraf: Sonraí ar bith. Eolas: An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.

5



5



**Greim an diabhail:** Tá an bláth fiáin dúchasach Éireannach seo ar cheann de na foinsí neachtair agus pailine is tábhachtaí i mí Mheán Fómhair, nuair a bhíonn go leor bláthanna eile stoptha ag bláthú. Grianghraf: Sonraí ar bith. Eolas: An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.

6



6



**Ceol Gaelach:** Is sampla d'oidhreacht bheo in Éirinn inniu é an ceol Gaelach. Tá bailiúcháin scríofa de cheol Gaelach ón 18ú agus an 19ú haois fós ann, rud a thacaíonn leis an traidisiún seo. Sna bailiúcháin seo tá foinn a chum cláirseoirí a rugadh in Éirinn sa 17ú haois, e.g. Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin agus William agus Thomas Connellan. Grianghraf: Sinéad Kennedy, Cathal Caulfield agus Caitríona Kennedy ag casadh ceol Gaelach, faoi chúram Rónán Ó Dochartaigh, Oideas Gael. Chun eolas breise a fháil faoi cheol Gealach, téigh go dtí: ITMA.ie.

7




7



**Ciseán móna sailí:** Bhíodh ciseáin sailí ag teastáil gach lá agus bhaintí go leor úsáidí praiticiúla astu i dtithe agus ar fheirmeacha ar fud na hÉireann. Dhéantaí de láimh iad as saileach a d'fhás go háitiúil agus d'úsáidtí iad chun bia, breosla agus móin a stóráil agus a iompar. Ba ghné inbhuanaithe de chultúr tuaithe na hÉireann an traidisiún caoladóireachta seo, inar úsáideadh ábhar in-athnuaite chun freastal ar riachtanais bhunúsacha. Grianghraf agus eolas: Helena Golden, fíodóir sailí, caoladóir, speisialtóir Oidhreacht sna Scoileanna.

8



8



**Cloch Oghaim:** D'aimsigh Patrick Cogan an chloch seo in áit a gceaptar a bhíodh ina uaimh thalún i mbaile fearainn Mhóin an tSagairt i gCo. Chorcaí sa bhliain 1872. Tá an inscríbhinn, atá ina foirm luath den Ghaeilge ar a dtugtar 'Gaeilge Chianach', scríofa in aibítir Oghaim agus is dócha go bhfuil sé níos sine ná an 6ú haois tar éis Chríost. Is é 'DALAGNI MAQI DALI' atá scríofa air, a chiallaíonn '[cloch] Dhalláin, mac Dhaill'. Cén focal Nua-Ghaeilge a bhaineann le 'MAQI'? Grianghraf: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann. Chun eolas breise a fháil faoi ogham, íoslódáil ár bhfoilseachán Clocha Oghaim. Chun teacht ar eolas breise ar Chloch Mhóin an tSagairt, féach: Ogham in 3D - National Museum / 119. Monataggart II.

9



9




**Túrtheach ó dheireadh na meánaoise:** Caisleán an Rois a thugtar ar an túrtheach seo ó dheireadh na meánaoise i gCill Airne, Co. Chiarraí. Tógadh é timpeall 1450-1500 AD agus chónaigh teaghlach uasal Gaelach áitiúil Uí Dhonnchú Mhóir ann. Bhí ceithre urlár sa túr, agus a chuspóir féin ag gach ceann acu. Bhí an Halla Mór ar an urlár uachtarach, a úsáideadh le haghaidh féastaí. Grianghraf: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann. Féach www.tuatha.ie/ross-castle/ chun teacht ar eolas breise faoi Chaisleán an Rois.

10



10



**Cromleac Pholl na Brón:** Rinneadh tochailt ar an gcromleac seo i mBoirinn, Co. an Chláir sna 1980idí, tráth a aimsíodh iarsmaí breis agus 35 duine sa tuama chomh maith le déantáin Neoiliteacha, cosúil le tua cloiche snasta. Mhair na daoine idir 3800 agus 3200 roimh Chríost. Cuireadh an chromleac i dtaifead mar 'Labbayermadagusgrany' (Leaba Dhiarmada agus Ghráinne) sa bhliain 1839 tar éis Chríost, rud a thaispeánann an bhaint a bhí ag an séadchomhartha réamhstairiúil seo le béaloideas na hÉireann i bhfad i ndiaidh gur tógadh é. Chun teacht ar bhreis eolais faoi Pholl na Brón, féach: www.tuatha.ie/poulnabrone-dolmen/ agus logainm.ie. ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann.

11



11



**Gleann Dá Loch:** Tá an mhainistir seo suite i bPáirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin agus tá fothrach foirgneamh cloiche meánaoiseach inti, cloigtheach agus go leor séipéal san áireamh. Tá bunú an tsuímh bainteach le Naomh Caoimhín, a cheaptar a fuair bás go luath sa 7ú haois tar éis Chríost. Tá a fhios againn ó fhianaise bhunfhoinse (annála) gur dódh an mhainistir ag deireadh an 8ú haois, agus gur chreach na Lochlannaigh í go luath sa 9ú haois. Tá eolas breise ar Ghleann Dá Loch anseo: www.tuatha.ie/glendalough-monastery/. Chun cuid de na hannála atá fós ann ó Éirinn na meánaoise a léamh, téigh go dtí: CELT: Annála Uladh. Grianghraf: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann.

12



12



**Díon nua tuí a chur ar theach traidisiúnta Éireannach:** Oibríonn tuíodóirí ar dhréimirí agus scafall chun sraitheanna nua tuí a chur ar theach ceann tuí traidisiúnta Éireannach (Teachín Dwyer McAllister, Co. Chill Mhantáin). Fágtar na seansraitheanna tuí ina n-áit agus cuirtear sraitheanna nua ar a mbarr. Coimeádtar an tuí ina áit sa stíl seo tuíodóireachta trí phíosaí coill nó sailí a lúbtar i gcruth U a úsáid, ar a dtugtar scoilb. Tugtar an chíor mhullaigh ar an bpointe is airde ar dhíon agus uaireanta is féidir sonraí maisiúla a chur leis trí phatrún scolb agus tuí a úsáid. Tagann an focal 'scallop' sa Bhéarla ón bhfocal Gaeilge meánaoiseach 'scolb'. Grianghraf: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann. Eolas: Tríona Byrne, an Chomhairle Oidhreachta.

13



13



**Snoíodóireacht chloiche sa cheardlann:** De ghnáth, snoitear píosaí cloiche de láimh, trí uirlisí cosúil le siséil agus mailléid a úsáid. Tarraingítear cruth agus baintear an farasbarr den chloch go cúramach le siséal agus mailléad chun an cruth atá ag teastáil a nochtadh sa chloch. Moltar trealamh cosanta cosúil le spéaclaí sábháilteachta chun scealpóga cloiche a sheachaint ó bheith ag eitilt isteach sna súile. Grianghraf: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann. Eolas: Tríona Byrne, an Chomhairle Oidhreachta.

14



14



**Plástrálaí traidisiúnta ag obair:** Ba ghnách gur cuireadh moirtéal aoil ar sheanfhoirgnimh (cosúil le Caisleán Charraig an Chabhlaigh i gCo. Mhaigh Eo a thaispeántar anseo). Cuirtear plástar aoil ar an bhfoirgneamh le lián agus leanann sé dromchla na cloiche faoina bun, mar sin is minic a bhíonn cuma chnapach agus mhíchothrom air nuair a bhíonn sé críochnaithe. Is ábhar nádúrtha é aol, a dhéantar as aolchloch, agus is gnách go mbíonn dath bán nó liath air ach is féidir líocha daite a chur leis freisin. An bhfuil a fhios agat cén ceannaire baineann cáiliúil ó stair na hÉireann a bhfuil baint cháiliúil aici le Caisleán Charraig an Chabhlaigh? Grianghraf: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann. Eolas: Tríona Byrne, an Chomhairle Oidhreachta.

15





15



**Stánadóireacht:** Is sampla d'oidhreacht chultúrtha na hÉireann an cheird seo, a tugadh ar aghaidh ó athair go mac i roinnt teaghlach de chuid an Lucht Siúil. Go traidisiúnta, bhain sé le hearraí miotail tí agus talmhaíochta a dhéanamh agus a dheisiú – seirbhís luachmhar agus thábhachtach faoin tuath in Éirinn. Ní theastaíonn mórán sádrála don cheird agus déantar í den chuid is mó trí inneoin bheaga, casúir agus seamanna a úsáid. Tá an cheird an-soghluaiste dá bharr agus ba é sin ceann de na cúiseanna ba mhó gur éirigh maith leis. Is minic a bhíonn obair stánadóirí an-mhaisiúil agus an-ealaíonta. Cur chuige níos inbhuanaithe i leith cultúr ábhartha í an stánadóireacht ná mar a fheictear go minic i sochaithe caiteacha an lae inniu. Eolas: Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe agus Líonra Chorcaí do Thaistealaithe Mná. Sa Phictiúr: An stánadóir John Hourigan ag obair ar bhuicéad. Íomhá le caoinchead Thionscadal Béaloidis Chorcaí.

16





**Lámhscríbhinn Mheánaoiseach Éireannach:** Is as lámhscríbhinn ón 16ú haois an fóilió (leathanach) seo ar a dtugtar RIA MS D ii 2. Rinneadh as pár é, agus scríobh a scríobhaí, Muiris Ó Clérigh, an téacs agus cleite á úsáid. Is minic a scríobhadh lámhscríbhinní mar seo i nGaeilge agus i Laidin trí script ar a dtugtar 'mionpheannaireacht' a úsáid. Bhí an script á húsáid roimh an gcló Gaelach is féidir leat a fheiceáil go fóill ar chomharthaí sráide Gaeilge inniu! Taispeántar san fhóilió sa phictiúr muc ag seinm na bpíb uilleann, rud a thugann le fios dúinn go raibh na huirlisí seo á seinm sa 16ú haois. Tá dán faoi Loch Léin, Co. Chiarraí, ar an bhfóilió seo freisin. Tá an dán na céadta bliain níos sine ná an lámhscríbhinn agus is cuid de chorp téacsanna é ina bpléitear le seanchas áiteanna in Éirinn, nó *an dinnseanchas*. Le caoinchead Acadamh Ríoga na hÉireann © RIA. Íomhánna curtha ar fáil ag Irish Script on Screen (Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath).

17


# CENSUS OF IRELAND, 1911.

*Two Examples of the mode of filling up this Table are given on the other side.*

## FORM A.

RETURN of the MEMBERS of this FAMILY and their VISITORS, BOARDERS, SERVANTS, &c., who slept or abode in this House on the night of SUNDAY, the

| Number. | NAME AND SURNAME. No Persons ABSENT on the Night of Sunday, April 2nd, to be entered here; EXCEPT those (not enumerated elsewhere) who may be out at WORK or TRAVELLING, &c., during that Night, and who RETURN HOME ON MONDAY, APRIL 3RD. Subject to the above instruction, the Name of the Head of the Family should be written first; then the names of his Wife, Children, and other Relatives; then those of Visitors, Boarders, Servants, &c. Christian Name. | Surname. | RELATION to Head of Family. State whether "Head of Family," or "Wife," "Son," "Daughter," or other Relative; "Visitor," "Boarder," "Servant," &c. | RELIGIOUS PROFESSION. State here the particular Religion, or Religious Denomination, to which each person belongs. [Members of Protestant Denominations are requested not to describe themselves by the vague term "Protestant," but to enter the name of the Particular Church, Denomination, or Body to which they belong.] | EDUCATION. State here whether he or she can "Read and Write," can "Read" only, or "Cannot Read." | AGE (last Birthday) and SEX. Insert Age opposite each name:—the Ages of Males in column 6, and the Ages of Females in column 7. For Infants under one year state the age in months, as "under 1 month," "1 month," "2 months," &c. Ages of Males. | Ages of Females. | RANK, PROFESSION, OR OCCUPATION. State the particular Rank, Profession, Trade, or other Employment of each person. Children or young persons attending a School, or receiving regular instruction at home, should be returned as *Scholars*. [No entry should be made in the case of wives, daughters, or other female relatives solely engaged in domestic duties at home.] Before filling this column you are requested to read the instructions on the other side. | PARTICULARS AS TO MARRIAGE. Whether "Married," "Widower," "Widow," or "Single." | State for each Married Woman entered on this Schedule the number of:— Completed years the present Marriage has lasted. If less than one year, write "under one." | Children born alive to present Marriage. If no children born alive, write "None" in column 11. Total Children born alive. | Children still living. | WHERE BORN. If in Ireland, state in what County or City; if elsewhere, state the name of the Country. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | 8. | 9. | 10. | 11. | 12. | 13. |
| 1 | Francis Joseph Christopher | Sheehy Skeffington | Head | Information Refused | Read & Write | 32 | | Journalist and Author | Married | | | | Co Cavan |
| 2 | Emily | Sheehy Skeffington | Wife | | | | 28 | – | Married | 3 | 1 | 1 | Dublin Ci… |
| 2 | Owen Lancelot | Sheehy Skeffington | Son | | Cannot Read | 1 | | | Single | | | | Dublin City |
| 3 | Philomena Josephine | Morrissey | Servant | Roman Catholic | Read & Write | | 23 | Domestic Servant - General | Single | | | | Co Waterford |
| 4 | Mary | Butler | Servant | Roman Catholic | Read & Write | | 21 | Nurse - Domestic Servant | Single | | | | Dublin City |
| 5 | | | | | | | | | | | | | |
| 6 | | | | | | | | | | | | | |
| 7 | | | | | | | | | | | | | |
| 8 | | | | | | | | | | | | | |
| 9 | | | | | | | | | | | | | |
| 10 | | | | | | | | | | | | | |
| 11 | | | | | | | | | | | | | |
| 12 | | | | | | | | | | | | | |
| 13 | | | | | | | | | | | | | |
| 14 | | | | | | | | | | | | | |



| | Christian Name. | Surname. | | | | of Males. | of Females. | the othe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | |
| 1 | Francis Joseph Christopher | Sheehy Skeffington | Head | Information Refused | Read & Write | 32 | | Journal |
| | Emily | Sheehy Skeffington | Wife | | | | 28 | |
| 2 | Owen Lancelot | Sheehy Skeffington | Son | | Cannot Read | 1 | | |
| 3 | Philomena Josephine | Morrissey | Servant | Roman Catholic | Read & Write | | 23 | Domes |
| 4 | Mary | Butler | Servant | Roman Catholic | Read & Write | | 21 | Nurs |
| 5 | | | | | | | | |

I hereby certify, as required by the Act 10 Edw. VII., and 1 Geo. V., cap. 11,

**Tuairisceán daonáirimh:** Tuairisceán Daonáirimh 1911 do mhuintir Sheehy-Skeffington a bhí ina gcónaí in 11 Plás Grosvenor, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6. Dhiúltaigh Francis Sheehy-Skeffington, scríbhneoir clúiteach, gníomhaí radacach, agus tacadóir dílis do chearta na mban, sonraí a mhná céile, Hanna, a líonadh isteach ar an bhfoirm dhaonáirimh mar ghníomh ciúin ach cumhachtach agóide. Ba chuid d'fheachtas níos leithne neamh-chomhoibrithe i measc na sufraigéidí é seo, a bhí dírithe ar chur in aghaidh dhiúltú an stáit an vóta a thabhairt do mhná. In ionad eolas Hanna a chur san áireamh, níor liostaigh Francis ach go raibh ceathrar ina gcónaí sa teach: é féin, a mhac óg Owen, agus beirt seirbhíseach, Philomena Morrissey agus Mary Butler. D'fhreagair oifigeach an daonáirimh, James Crozier, tríd an bhfrása 'Eolas Diúltaithe' a chur leis i ndúch gorm ar an bhfoirm agus thug sé buille faoi thuairim ar shonraí Hanna é féin. Ar an drochuair, fuair sé beagnach gach rud mícheart. Thug sé "Emily" uirthi in ionad Johanna, dúirt sé go raibh sí 28 bliain d'aois nuair a bhí sí 33, agus luaigh sé Baile Átha Cliath mar a háit bhreithe in ionad Ceann Toirc i gContae Chorcaí. Dúirt sé fiú go raibh an lánúin pósta ar feadh trí bliana, nuair a bhí siad pósta ar feadh ocht mbliana. Léirigh an gníomh beag agóide seo conas a bhí daoine cosúil le Francis agus Hanna sásta seasamh leis an rud a chreid siad. Tugtar ar an bhfoirm dhaonáirimh seo, lena meascán d'agóid, d'idirghabháil mhaorlathach, agus de mhíchruinneas stairiúil, léargas soiléir ar an teannas idir creideamh pearsanta agus údarás an stáit, agus an misneach a bhí ag teastáil chun gnáthaimh na linne a shárú. Grianghraf: An Chartlann Náisiúnta, Daonáireamh 1911, Baile Átha Cliath, DED Ráth Maonais agus Ráth Garbh Thiar, 61/86. Athchruthaithe le caoinchead Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.

18



18



**Vaigín bairr bairille:** Is cuid bhródúil d'oidhreacht an Lucht Siúil an vaigín bairr bairille seo, rud a léiríonn traidisiúin chultúrtha an Lucht Siúil a bhaineann le fánaíocht, ealaín, ceardaíocht agus an saol laethúil. Go traidisiúnta, mar chuid de shlí mhaireachtála fánaíochta, bhain an Lucht Siúil úsáid as eolas faoi líonraí campaí traidisiúnta, nó áiteanna stad, agus roinn siad é. Tá an vaigín atá sa phictiúr ar taispeáint go buan ag Taispeántas Chultúr an Lucht Siúil de chuid Líonra Chorcaí do Thaistealaithe Mná, Toraig on the Tobar, ag Músaem Poiblí Chorcaí. Más mian leat níos mó a fhoghlaim faoi chultúr an Lucht Siúil, féach ar an bhfíseán gearr seo. Grianghraf agus eolas: Líonra Chorcaí do Thaistealaithe Mná


# Gníomhaíocht 1.4: An oidhreacht chultúrtha a chatagóiriú

**Catagóirigh an liosta samplaí oidhreachta thíos bunaithe ar cén saghas oidhreachta iad:**

- Oidhreacht inaistrithe (oidhreacht chultúrtha inláimhsithe)
- Oidhreacht dho-aistrithe (oidhreacht chultúrtha inláimhsithe)
- Oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe


**Samplaí le haghaidh catagóiriú:**


- Pictiúir
- Teanga (e.g. Gaeilge)
- Amhráin, béaloideas, scéalta, stair bhéil
- Tuamaí réamhstairiúla
- Seanfhocail
- Suíomhanna agus tírdhreacha seandálaíochta
- Clocha Oghaim
- Deasghnátha agus féilte (e.g. Samhain)
- Foirgnimh stairiúla
- Dealbha
- Déantáin seandálaíochta iniompartha (e.g. criadóireacht, boinn etc.)
- Lámhscríbhinní Éireannacha ón meánaois:
- Scileanna Traidisiúnta (e.g. tuíodóireacht)




Bunaithe ar aicmiú UNESCO.
Íomhá bunaithe ar: Cosovic, Marijana, Alessia Amelio agus Emina Junuz. “Classification Methods in Cultural Heritage.” VIPERC@IRCDL (2019).

# An oidhreacht a chatagóiriú: bealaí chun smaoineamh faoin oidhreacht




**Ábhair machnaimh:** An bhfuil do thuiscint ar an oidhreacht athraithe ó thosaigh tú an modúl seo?

Má tá, conas atá sé athraithe? Mura bhfuil, cén fáth a gceapann tú nach bhfuil sé athraithe?

Bunaithe ar aicmiú UNESCO.
Íomhá bunaithe ar: Cosovic, Marijana, Alessia Amelio agus Emina Junuz. “Classification Methods in Cultural Heritage.” VIPERC@IRCDL (2019).

# Gníomhaíocht 1.5: D’oidhreacht áitiúil a thabhairt chun cuimhne

**Treoracha:**

**Ag obair leat féin nó i mbeirteanna, déan liosta den oidhreacht i do cheantar áitiúil.**

- Tabhair aird ar leith ar an oidhreacht thógtha (séadchomharthaí seandálaíochta agus foirgnimh/ailtireacht stairiúil)
- Déan gearrliosta de na suíomhanna oidhreachta nó na séadchomharthaí áitiúla is mó a bhfuil suim agat iontu

Scríobh do chuid smaointe anseo

Cé acu de na samplaí a liostaigh tú ar mhaith leat tuilleadh eolais a fháil fúthu, agus cén fáth?

# Gníomhaíocht 1.6: Taighde a dhéanamh ar d'oidhreacht áitiúil

**Treoracha:**

**Ag obair leat féin, téigh go dtí www.heritagemaps.ie agus aimsigh do shuíomhanna oidhreachta áitiúla, agus déan liosta díobh.**

- Tosaigh trí théama a roghnú (e.g. seandálaíocht) agus roghnaigh tacar sonraí amháin ag an am sa téama sin a thaispeánfaidh tú ar an léarscáil, e.g. 'Cloigthithe na hÉireann'
- Nuair a bheidh na téamaí agus na tacair shonraí bhainteacha déanta agat, athraigh bunsraith na léarscáile go 'Discovery' féachaint an féidir leat níos mó suíomhanna oidhreachta tógtha áitiúla a aimsiú (ar minic go mbíonn siad marcáilte le dath dearg)
- Ansin, fiosraigh do cheantar trí chuid de na bunsraitheanna de léarscáileanna stairiúla nó íomhánna stairiúla, e.g. 'léarscáil stairiúil dhaite 6 horlaí céad eagrán'
- Coimeád liosta de do shuíomhanna oidhreachta agus séadchomharthaí áitiúla go léir agus tú á n-aithint

Cén suíomhanna oidhreachta áitiúla a d'aimsigh tú?

# Do thionscadal oidhreachta áitiúla a chur i láthair!

**Achoimre ar an Tionscadal:**

**Oibreoidh tú i ngrúpaí chun tionscadal a dhéanamh ar ghné de bhur n-oidhreacht áitiúil. Seo a leanas na saghsanna gníomhaíochtaí a d'fhéadfá a dhéanamh:**

- Do thionscadal a phleanáil (roghnú séadchomharthaí, bunú grúpa, ceisteanna taighde a bhunú)
- Taighde a dhéanamh (e.g. taighde deisce trí theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus foinsí fisiciúla a úsáid, agus cuairteanna allamuigh a thabhairt chun d'oidhreacht áitiúil a fhiosrú)
- Gníomhú chun d'oidhreacht áitiúil a chur chun cinn agus/nó a chosaint (e.g. trí léirmhíniú a chruthú nó preasráiteas a eisiúint chun an séadchomhartha a chur chun cinn agus torthaí do thaighde a roinnt)

Cuir sonraí do thionscadail sa bhosca seo (e.g. amlíne, measúnú etc.)

**Ná déan dearmad:** Coimeád do bhileoga gníomhaíochta go léir (do shamplaí de shuíomhanna oidhreachta áitiúla san áireamh) mar beidh ort súil a chaitheamh siar ar obair a rinneadh roimhe seo i rith an tionscadail. Beidh sé seo thar a bheith tábhachtach nuair a bheidh do thaighde ar siúl agat. B'fhéidir go mbeadh sé áisiúil do mhúinteoirí dul i dteagmháil le speisialtóir oidhreachta chun cabhair a fháil le gnéithe den tionscadal (e.g. taighde allamuigh). Féach www.heritageinschools.ie chun teacht ar liosta speisialtóirí.

# Cuid a Dó:
# Do thionscadal agus taighde a thosú

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Gníomhaíocht 2.1: Foghlaim roimhe seo a thabhairt chun cuimhne

Cad a chiallaíonn 'oidhreacht'?

Scríobh na pointí is tábhachtaí nó is baintí i ngar don bharr agus iad siúd nach bhfuil chomh tábhachtach céanna i ngar don bhun.

Cad is cuimhin leat faoin tionscadal a dhéanfaidh tú don mhodúl seo?

**Ábhair machnaimh:** Ar athraigh do thuiscint ar an oidhreacht ó Ghníomhaíocht 1.1? Má d'athraigh, conas?

# Meabhrúchán do do thionscadal oidhreachta áitiúla!

**Achoimre ar an Tionscadal:**

**Oibreoidh tú i ngrúpaí chun tionscadal a dhéanamh ar ghné de bhur n-oidhreacht áitiúil. Seo a leanas na saghsanna gníomhaíochtaí a d'fhéadfá a dhéanamh:**

- Do thionscadal a phleanáil (roghnú séadchomharthaí, bunú grúpa, ceisteanna taighde a bhunú)
- Taighde a dhéanamh (e.g. taighde deisce trí theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus foinsí fisiciúla a úsáid, agus cuairteanna allamuigh a thabhairt chun d'oidhreacht áitiúil a fhiosrú)
- Gníomhú chun d'oidhreacht áitiúil a chur chun cinn agus/nó a chosaint (e.g. trí léirmhíniú a chruthú nó preasráiteas a eisiúint chun an séadchomhartha a chur chun cinn agus torthaí do thaighde a roinnt)

Cuir sonraí do thionscadail sa bhosca seo (e.g. amlíne, measúnú etc.)

**Ná déan dearmad:** Coimeád do bhileoga gníomhaíochta go léir (do shamplaí de shuíomhanna oidhreachta áitiúla san áireamh) mar beidh ort súil a chaitheamh siar ar obair a rinneadh roimhe seo i rith an tionscadail. Beidh sé seo thar a bheith tábhachtach nuair a bheidh do thaighde ar siúl agat. B'fhéidir go mbeadh sé áisiúil do mhúinteoirí dul i dteagmháil le speisialtóir oidhreachta chun cabhair a fháil le gnéithe den tionscadal (e.g. taighde allamuigh). Féach www.heritageinschools.ie chun teacht ar liosta speisialtóirí.

# Cuid a Dó: Cuspóirí Foghlama

**Ba cheart go mbeadh an méid a leanas déanta ag gach dalta faoi dheireadh na coda seo:**

1. Séadchomhartha áitiúil a roghnú acu dá dtionscadal agus grúpa a bheith bunaithe acu tar éis iniúchadh scileanna
2. Liosta ceisteanna taighde a chur le chéile a bhaineann lena séadchomhartha
3. Foinsí éagsúla eolais a aithint chun cabhrú leo a gcuid ceisteanna taighde a fhreagairt
4. A fhoghlaim cén t-eolas a bhaineann lena bhfoinsí ba chóir a thaifeadadh agus tagairt a dhéanamh dó nuair a dhéantar taighde deisce

**Is féidir spreagadh a thabhairt do dhaltaí freisin:**

1. Foinsí a mheas go criticiúil chun cabhrú leo a gcuid ceisteanna taighde a fhreagairt

# Gníomhaíocht 2.2: Do ghrúpa a bhunú
## (is fearr 3-5 dhuine a bheith ann)

**Treoracha:**

1. **Déan cinneadh ó do ghearrliosta cén séadchomhartha áitiúil ar mian leat obair air**
2. **Ag obair leat féin, aithin agus scríobh síos cén t-eolas, scileanna nó tréithe eile a cheapann tú atá agat a d'fhéadfadh a bheith áisiúil chun an tionscadal seo a dhéanamh**

- Go maith ag cuardach chun teacht ar eolas / taighde a dhéanamh
- Go maith ag léamh agus ag próiseáil eolais
- Eolas ar agus suim sa stair áitiúil agus/nó seandálaíocht
- Go maith ag an scríobh nó le huimhreacha agus ríomhanna
- Scileanna maithe dearaidh agus TFC (e.g. suíomh gréasáin nó bunachar sonraí a dhearadh)
- Scileanna maithe grianghrafadóireachta agus/nó líníochta
- Réitíonn tú féin/do dhuine/dhaoine fásta go maith leis an úinéir/na húinéirí talún agus is féidir libh rochtain a fháil don rang (má tá an suíomh faoi shrian)
- Go maith le daoine a bhainistiú agus cloí leis an tasc
- Taithí ar rudaí a thomhas agus cuairt a thabhairt ar shuíomhanna

3. **Aimsigh baill fhéideartha den ghrúpa a bhfuil réimse scileanna éagsúla acu ar spéis leo an suíomh céanna leat féin**

Cén séadchomhartha oidhreacht?

Liostaigh do scileanna thíos...

**Ná déan dearmad:** beidh scileanna éagsúla agat féin agus ag daoine eile, agus beidh tallann agaibh a mb'fhéidir nach raibh súil agaibh leis. Bí ionchuimsitheach nuair atá grúpaí á gcur le chéile. Is minic gur fearr éagsúlacht!

# Gníomhaíocht 2.3: Ceisteanna taighde a chruthú

**Treoracha:**

1. **Ag obair i do ghrúpa, déan cinneadh cad ba mhaith libh a fhoghlaim faoi do shéadchomhartha áitiúil. Scríobh síos liosta ceisteanna ar mhaith leat freagraí a fhail dóibh.**

Scríobh síos do cheisteanna taighde anseo

# Roinnt leideanna chun cabhrú leat do cheisteanna a chruthú...

**I measc na samplaí de rudaí a mb'fhéidir gur mhaith leat eolas a bheith agat orthu, tá:**

- Cathain a tógadh é, agus cé a thóg é?
- Conas a tógadh é agus cén ábhair as ar tógadh é?
- An áit thábhachtach an séadchomhartha?
- Cén gnéithe atá aige agus cad a insíonn siad dúinn?
- Cad a bhí i mbunchuspóir an tséadchomhartha, nó conas rinne daoine éagsúla é a úsáid/athúsáid agus cén meonta a bhí ag daoine éagsúla le himeacht ama ina leith?
- An ndearnadh staidéar air roimhe seo? Má rinne, cé a rinne sin agus cad a d'fhoghlaim siad faoin séadchomhartha?
- Conas a úsáidtear agus a thugtar aire don séadchomhartha inniu? Cén bagairtí atá roimhe (más ann dóibh)?
- Conas a d'fhéadfaí aire níos fearr a thabhairt don séadchomhartha, agus conas a d'fhéadfaí leas a bhaint as chun an ceantar a chur chun cinn níos fearr nó a fheabhsú?

## Ceisteanna Taighde

Is fearr caitheamh le taighde mar liosta ceisteanna faoi do shéadchomhartha is mian leat a fhreagairt. Braithfidh sin ar cad atá ar eolas agat cheana féin, ach d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis freisin:

- **Cé chomh sean atá an séadchomhartha? Cé chomh fada a úsáideadh é agus cathain ar stopadh d'úsáid a bhaint as?**
- **Cé a thóg an séadchomhartha agus conas a thóg siad é? Cá bhfuair siad na hábhair?**
- **Cén saghas séadchomhartha é? An bhfuil a mhacasamhail de shéadchomharthaí in áiteanna eile? Cad a dhéanann séadchomhartha ar leith den séadchomhartha?**
- **Cén cuspóir a bhí ag an séadchomhartha? Cad is eol dúinn faoi na daoine a d'úsáid é?**
- **Cad a fhoghlaimímid faoin séadchomhartha trí staidéar a dhéanamh ar a leagan amach agus a thréithe?**
- **An bhfuil aon imeachtaí taifeadta stairiúla nó daoine bainteach leis an séadchomhartha? An féidir amlíne a chruthú ar a dtaispeántar stair an tséadchomhartha leis na céadta bliain?**
- **Ar tháinig athrú ar an séadchomhartha ag aon tráth i gcaitheamh a staire agus má tháinig, an eol dúinn cén fáth?**
- **An bhfuil aon bhearnaí móra inár n-eolas faoin séadchomhartha? An bhfuil aon rud faoin séadchomhartha nach raibh saineolaithe nó scoláirí ábalta a mhíniú?**

Ceisteanna leathana iad sin, ach b'fhéidir go rithfidh cinn níos sonraí leat de réir mar a ghabhann tú tríothu. Cuirtear in iúl duit go bhfuil roinnt ceisteanna againn faoi shéadchomharthaí a mb'fhéidir nach bhfreagrófar riamh; níl ann ach gur cailleadh an t-eolas le himeacht ama.

# Gníomhaíocht 2.4: Foinsí féideartha eolais a aithint

**Treoracha:**

1. **Ag obair i do ghrúpa, déan liosta d'fhoinsí féideartha eolais (e.g. eolas áitiúil, foinsí ar líne ar leith, innill chuardaigh, taisclanna áitiúla nó náisiúnta, cuairt ar shuíomh etc.), áit a bhféadfá teacht ar na freagraí ar do cheisteanna taighde.**

Liostaigh foinsí féideartha anseo

2. **Rangaigh na foinsí a d'aithin tú bunaithe ar a n-áisiúlacht agus a n-iontaofacht dhóchúil trí uimhreacha a úsáid (e.g. 1 = an ceann is iontaofa etc.). Úsáid Tástáil CRAAP le do measúnú a threorú.**

**Foinsí a Mheasúnú le Tástáil CRAAP**

| | |
|---|---|
| **Aois (Currency)** | Más foinse thánaisteach é, an bhfuil an t-eolas as dáta? Cé chomh fada ó shin a foilsíodh é? Ar tháinig saothair nua ina ionad? Más bunfhoinse é, an bhfuil sé ar aon dul leis an méid a bhfuil staidéar á dhéanamh air? |
| **Baint (Relevance)** | An mbaineann an t-eolas le d'ábhar? An mbaineann an fhoinse go mór le d'ábhar, nó an é nach ndéantar ach é a lua agus ábhar eile á fhiosrú? An bhfreagraíonn sé do cheisteanna taighde? |
| **Údarás (Authority)** | Cé a scríobh agus d'fhoilsigh an fhoinse? Cén dintiúir/saineolas atá acu? An údarás creidiúnach iad ar an ábhar? |
| **Cruinneas (Accuracy)** | An bhfuil an t-eolas san fhoinse iontaofa, ceart agus fíor? An dtugtar fianaise ann? An ndearnadh athbhreithniú piaraí air? An dtagann an t-eolas ann le heolas i bhfoinsí iontaofa eile? An bhfuil friotal claonta ann? |
| **Cuspóir (Purpose)** | Cad é cuspóir na foinse? An é eolas a roinnt agus a thabhairt? An bolscaireacht é a bhfuil mar chuspóir aige mífhaisnéis nó bréageolas a thabhairt? An é an cuspóir rud éigin a dhíol leat? |

# Foinsí áitiúla ar líne chun taighde a dhéanamh ar shéadchomharthaí áitiúla

**Caith súil ar na foinsí thíos féachaint an féidir le haon cheann acu cabhrú leat tuiscint níos fearr a fháil ar do shéadchomhartha:**

- **An Suirbhé ar Shéadchomharthaí Náisiúnta** (www.archaeology.ie)
  Tá breis agus 138,000 séadchomhartha seandálaíochta in Éirinn sa Suirbhé Seandálaíochta ar Shéadchomharthaí Náisiúnta, idir thuamaí meigiliteacha atá breis agus 5,000 bliain d'aois agus foirgnimh mheánaoiseacha atá ina bhfothracha agus foirgnimh níos nua-aimseartha, e.g. ón 19ú haois. An bhfuil do shéadchomhartha le feiceáil ar an Amharcóir Timpeallachtaí Stairiúla? Má tá, cén t-eolas atá ann faoi?

- **Foirgnimh na hÉireann** (www.buildingsofireland.ie)
  Cuireann Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta leis an Suirbhé Seandálaíochta ar Shéadchomharthaí Náisiúnta. Cuimsítear ann, go ginearálta, foirgnimh agus struchtúir ón tréimhse i ndiaidh 1700. Bain triail as cuardach léarscáile do do cheantar!

- **Bunachar Sonraí Logainmneacha** (www.logainm.ie)
  Is foinse spéise iad logainmneacha d'aon duine a dhéanann staidéar ar stair agus oidhreacht áitiúil. Is féidir leo leideanna a thabhairt maidir le topagrafaíocht áitiúil, suíomhanna seandálaíochta nó eaglasta, agus úinéireacht talún san am atá thart. Cén logainmn(eacha) a bhaineann le do shéadchomhartha?

- **Litreacha Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann** (www.askaboutireland.ie)
  Is ón 19ú haois na litreacha seo agus tá nótaí agus breathnóireacht iontu a cuireadh le chéile de réir paróiste. Tá cur síos iontu ar sheandachtaí agus ar shéadchomharthaí áitiúla, stair agus béaloideas gaolmhar, mar aon le sceitsí i gcásanna áirithe. An bhfuil do shéadchomhartha luaite nó curtha síos air?

- **Bailiúchán Béaloidis na Scol** (www.duchas.ie)
  Chinn Coimisiún Béaloideas Éireann sna 1930idí béaloideas agus scéalta a bhailiú ar fud na tíre. Spreag siad 50,000 páiste bunscoile i níos mó ná 5,000 scoil páirt a ghlacadh sa tasc seo. Bhailigh na daltaí béaloideas de gach sórt óna dtuismitheoirí, a seantuismitheoirí agus a gcomharsana i rith 1937 agus 1938. Scríobhadh síos iad sin i gcóipleabhair agus tá siad á gcoinneáil anois i mBailiúchán Béaloidis Éireann ag UCD. Tá réimse ollmhór ábhar sna cóipleabhair seo, scéalta faoi shuíomhanna stairiúla áitiúla, teaghlaigh áitiúla, leigheasanna agus piseoga ina measc. An bhfuil aon rud faoi do shéadchomhartha sa bhailiúchán?

# Cén foinsí ar líne eile atá ar fáil chun cabhrú leat do cheisteanna taighde a fhreagairt?

**Faigh amach cén foinsí eolais inchreidte atá ar fáil ar líne trí:**

- Sraith Straitéisí Taighde 'Glac le Séadchomhartha' na Comhairle Oidhreachta a úsáid: www.heritagecouncil.ie/content/files/Adopt-a-Monument-Research-Toolkit.pdf




Is éard a d'fhéadfadh a bheith san eolas nua a d'fhéadfá a fháil amach trí thaighde a dhéanamh ar do shéadchomhartha:

- **Béaloideas agus scéalta a bhaineann leis an séadchomhartha**
- **Seanghrianghraif, sceitsí agus líníochtaí**
- **Tuairiscí tochailte agus sonraí faoi na déantáin a fuarthas**
- **Cúlra ainm an tséadchomhartha agus na daoine stairiúla a bhaineann leis**

**Nóta:** Beidh freagraí ar roinnt ceisteanna taighde le fáil trí úsáid a bhaint as foinsí tánaisteacha, amhail iad siúd ar líne. D'fhéadfadh go mbeadh cuairt ar an láthair agus obair allamuigh ag teastáil i gcás cinn eile. B'fhéidir gurbh fhearr a d'fhreagrófaí roinnt ceisteanna tríd an dá chur chuige a úsáid.

# Roinnt grúpaí ag obair ar an séadchomhartha céanna?

**Má bhíonn roinnt grúpaí ag obair ar an séadchomhartha céanna, smaoinigh ar an méid a leanas:**

- Na grúpaí a idirdhealú bunaithe ar na ceisteanna taighde atá á gcur
- Na grúpaí a idirdhealú trí fhoinsí éagsúla a shannadh do ghrúpaí éagsúla le taighde/ceistiú a dhéanamh orthu
- Na grúpaí a idirdhealú trí iarraidh orthu díriú ar ghnéithe éagsúla den séadchomhartha nó fiú ar thréimhsí ama éagsúla má bhí stair fhada úsáide agus léirmhínithe aige.
- Comórtas a dhéanamh de – go mbuafaidh an fhoireann leis na torthaí taighde ar an gcaighdeán is fearr!

**Nóta do mhúinteoirí**

# Gníomhaíocht 2.5: Ag tagairt do d’fhoinsí eolais

**Treoracha:**

**Ag obair i do ghrúpa, fiosraigh agus aimsigh eolas ar chuid de na foinsí ar líne atá liostaithe i Sraith Straitéisí Taighde ar Shéadchomharthaí na Comhairle Oidhreachta. Ansin líon isteach na boscaí thíos.**
**www.heritagecouncil.ie/content/files/Adopt-a-Monument-Research-Toolkit.pdf**

Cén t-eolas faoi fhoinse ar líne ba chóir duit a scríobh síos/tagairt a dhéanamh dó i gcónaí ionas (a) gur féidir leat é a aimsiú arís agus (b) ionas gur féidir le daoine eile é a aimsiú agus a dheimhniú?

Cén t-eolas breise a bheadh uait agus tú ag tagairt d’fhoinsí clóite ar nós leabhar, nuachtán agus irisí seandálaíochta nó staire?

# Eolas tábhachtach le cur i dtaifead agus le tagairt dó

- Úda(i)r
- Teideal an leabhair/ailt irisleabhair/nuachtáin/doiciméid
- Dáta agus áit an fhoilseacháin nó teideal na hirise
- Foilsitheoir/comhlacht foilsitheoireachta
- An áit a bhfuair tú an fhoinse (ainm na leabharlainne, seoladh gréasáin etc.)
- An dáta ar a bhfuair tú rochtain ar an bhfoinse (tá sé seo thar a bheith tábhachtach i gcás foinsí ar líne mar is féidir le suíomhanna gréasáin athrú go minic)
- Uimhir thagartha, más ann di (is tábhachtaí í seo i gcás foinsí cartlainne nó lámhscríbhinne)
- Uimhir leathanaigh

# Cuid a Trí:

# Taighde a dhéanamh chun tuiscint a fháil ar do shéadchomhartha

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Cuid a Trí: Cuspóirí foghlama

**Ba cheart go mbeadh an méid a leanas déanta ag gach dalta faoi dheireadh na coda seo:**

1. A dtaighde deisce ar a séadchomhartha
2. An t-eolas óna dtaighde deisce curtha i dtaifead i gceart lena úsáid amach anseo
3. Machnamh ar bhealaí féideartha chun a gcuid taighde a úsáid agus a chur in iúl ag céim níos déanaí den tionscadal

**Is féidir spreagadh a thabhairt do dhaltaí freisin:**

1. Foinsí a anailísiú agus a mheas go criticiúil agus iad ag freagairt a gceisteanna taighde
2. Eolas nua a chruthú (nó eolas caillte a athaimsiú) faoina séadchomhartha tríd an bpróiseas taighde

# Gníomhaíocht 3.1: Taighde deisce a dhéanamh

**Treoracha:** Le cabhair ó do mhúinteoir, déan cuardach ar na foinsí ar líne (féach an tSraith Straitéisí Taighde Glac le Séadchomhartha) chun teacht ar eolas a chabhróidh leat do cheisteanna taighde a fhreagairt. Breac gach foinse áisiúil síos (agus an t-eolas tagartha bainteach, e.g. údar, dáta foilsithe, URL, uimhreacha leathanach etc.), chomh maith leis an eolas a d'fhoghlaim tú ón bhfoinse a chabhraíonn le do cheist(eanna) a fhreagairt!

Déan tábla cosúil leis an gceann thíos i ndoiciméad chun eolas áisiúil a aimsíonn tú agus cár tháinig tú air a chur i dtaifead! Déan cros-seiceáil ar do chuid fíricí (i.e., caith súil ar roinnt foinsí, más féidir)!

| Ceist taighde | Eolas chun cabhrú le do cheisteanna taighde a fhreagairt (i.e., an méid a d'fhoghlaim tú ón bhfoinse) | Eolas faoin bhfoinse / tagairt |
|---|---|---|
| Cathain a tógadh ár séadchomhartha? | (a) Tógadh Club Thine Ifrinn idir "1730-1750" nó "thart ar 1740".<br><br>(b) "thart ar 1725" | (a) Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (2002). Url: https://www.buildingsofireland.ie/buildings-search/building/11220022/hell-fire-club-mountpelier-dublin<br><br>(b) Neil Jackman (2018), *Sacred Skies and Earthly Sinners: The Excavation of a Passage Tomb on Montpelier Hill, County Dublin*, lch 161. Féach freisin leathanaigh: 245, 95, 99, 121. |
| Cé a thóg ár séadchomhartha? | (a) Choimisiúnaigh William Conolly an tógáil. Fear saibhir ab ea é a fuair bás sa bhliain 1729. | (a) Neil Jackman (2018), *Sacred Skies and Earthly Sinners: The Excavation of a Passage Tomb on Montpelier Hill, County Dublin*, lch 93-95. |

# Acmhainní as líne?

Is fiú fós dul i gcomhairle le leabhair trí do leabharlann áitiúil! Ach is féidir leat an t-idirlíon a úsáid (e.g. catalóg leabharlainne ar líne, chomh maith le suíomhanna eile cosúil le Google Books) chun a fháil amach cé na leabhair a d'fhéadfadh a bheith úsáideach le breathnú orthu ar dtús!

### Leabharlanna contae: staidéar áitiúil

Ba cheart duit na hacmhainní atá ar fáil trí rannóg Staidéar Áitiúil do leabharlainne contae a fhiosrú freisin. Is minic a bhíonn ábhair i mbailiúcháin staidéir áitiúil, irisí agus foinsí príomhúla ina measc nach bhfuil fáil orthu gan stró in áit ar bith eile. Tá cuid acu tar éis cuid dá n-acmhainní a chur ar fáil go digiteach freisin.

**Ceisteanna:** Cá bhfuil do rannóg staidéir áitiúil, cathain a bhíonn sí oscailte, agus an bhfuil a suíomh gréasáin féin aici?

# Gníomhaíocht 3.2: Bí criticiúil le do shonraí

**Treoracha:** Nuair a bheidh dóthain eolais bailithe agat chun do cheist(eanna) taighde a fhreagairt, ba chóir duit tosú ag bailiú an eolais sin le chéile. Is é an chéad chéim ná a dheimhniú an dtagann nó nach dtagann foinsí éagsúla lena chéile. Má thagann siad, an bhfuil siad iontaofa nó an bhfuil díreach eolas míchruinn á athrá acu? Mura dtagann siad, cé acu atá ceart/is iontaofa (más ann dó)? Fill ar thástáil CRAAP má theastaíonn cabhair uait chun cinneadh a dhéanamh.

| Ceist taighde | Eolas chun cabhrú le do cheisteanna taighde a fhreagairt (i.e., an méid a d'fhoghlaim tú ón bhfoinse) | Eolas faoin bhfoinse / tagairt |
|---|---|---|
| Cathain a tógadh ár séadchomhartha? | (a) Tógadh Club Thine Ifrinn idir “1730-1750” nó “thart ar 1740”.<br><br>(b) “thart ar 1725” | (a) Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (2002). Url: https://www.buildingsofireland.ie/buildings-search/building/11220022/hell-fire-club-mountpelier-dublin<br><br>(b) Neil Jackman (2018), *Sacred Skies and Earthly Sinners: The Excavation of a Passage Tomb on Montpelier Hill, County Dublin*, lch 161. Féach freisin leathanaigh: 245, 95, 99, 121. |
| Cé a thóg ár séadchomhartha? | (a) Choimisiúnaigh William Conolly an tógáil. Fear saibhir ab ea é a fuair bás sa bhliain 1729. | (a) Neil Jackman (2018), *Sacred Skies and Earthly Sinners: The Excavation of a Passage Tomb on Montpelier Hill, County Dublin*, lch 93-95. |

An cuimhin leat ár gcritéir mheasúnaithe? Líon isteach anseo iad:

**C:**

**R:**

**A:**

**A:**

**P:**

**Ceist:** Sula dtosaíonn tú a bheith criticiúil le do chuid sonraí féin, smaoinigh ar an sampla thuas. Cén dáta tógála do Chlub Thine Ifrinn is dóichí atá cruinn i do thuairimse, agus cén fáth?

# Gníomhaíocht 3.2: Bí criticiúil le do shonraí

**Treoracha:** Nuair a bheidh dóthain eolais bailithe agat chun do cheist(eanna) taighde a fhreagairt, ba chóir duit tosú ag bailiú an eolais sin le chéile. Is é an chéad chéim ná a dheimhniú an dtagann nó nach dtagann foinsí éagsúla lena chéile. Má thagann siad, an bhfuil siad iontaofa nó an bhfuil díreach eolas míchruinn á athrá acu? Mura dtagann siad, cé acu atá ceart/is iontaofa (más ann dó)? Fill ar thástáil CRAAP má theastaíonn cabhair uait chun cinneadh a dhéanamh.

| Ceist taighde | Eolas chun cabhrú le do cheisteanna taighde a fhreagairt (i.e., an méid a d'fhoghlaim tú ón bhfoinse) | Eolas faoin bhfoinse / tagairt |
|---|---|---|
| Cathain a tógadh ár séadchomhartha? | (a) Tógadh Club Thine Ifrinn idir “1730-1750” nó “thart ar 1740”.<br><br>(b) “thart ar 1725” | (a) Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (2002). Url: https://www.buildingsofireland.ie/buildings-search/building/11220022/hell-fire-club-mountpelier-dublin<br><br>(b) Neil Jackman (2018), *Sacred Skies and Earthly Sinners: The Excavation of a Passage Tomb on Montpelier Hill, County Dublin*, lch 161. Féach freisin leathanaigh: 245, 95, 99, 121. |
| Cé a thóg ár séadchomhartha? | (a) Choimisiúnaigh William Conolly an tógáil. Fear saibhir ab ea é a fuair bás sa bhliain 1729. | (a) Neil Jackman (2018), *Sacred Skies and Earthly Sinners: The Excavation of a Passage Tomb on Montpelier Hill, County Dublin*, lch 93-95. |

An cuimhin leat ár gcritéir mheasúnaithe? Líon isteach anseo iad:

**C: Aois (Currency)**

**R: Baint (Relevance)**

**A: Údarás (Authority)**

**A: Cruinneas (Accuracy)**

**P: Cuspóir (Purpose)**

**Ceist:** Sula dtosaíonn tú a bheith criticiúil le do chuid sonraí féin, smaoinigh ar an sampla thuas. Cén dáta tógála do Chlub Thine Ifrinn is dóichí atá cruinn i do thuairimse, agus cén fáth?

# Gníomhaíocht 3.2: Bí criticiúil le do shonraí

**Treoracha:** Nuair a bheidh dóthain eolais bailithe agat chun do cheist(eanna) taighde a fhreagairt, ba chóir duit tosú ag bailiú an eolais sin le chéile. Is é an chéad chéim ná a dheimhniú an dtagann nó nach dtagann foinsí éagsúla lena chéile. Má thagann siad, an bhfuil siad iontaofa nó an bhfuil díreach eolas míchruinn á athrá acu? Mura dtagann siad, cé acu atá ceart/is iontaofa (más ann dó)? Fill ar thástáil CRAAP má theastaíonn cabhair uait chun cinneadh a dhéanamh.

| Ceist taighde | Eolas chun cabhrú le do cheisteanna taighde a fhreagairt (i.e., an méid a d'fhoghlaim tú ón bhfoinse) | Eolas faoin bhfoinse / tagairt |
|---|---|---|
| Cathain a tógadh ár séadchomhartha? | (a) Tógadh Club Thine Ifrinn idir "1730-1750" nó "thart ar 1740". ?<br><br>(b) "thart ar 1725" ← **Is dócha gur cirte é seo** | (a) Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (2002). Url: https://www.buildingsofireland.ie/buildings-search/building/11220022/hell-fire-club-mountpelier-dublin<br><br>(b) Neil Jackman (2018), *Sacred Skies and Earthly Sinners: The Excavation of a Passage Tomb on Montpelier Hill, County Dublin*, lch 161. Féach freisin leathanaigh: 245, 95, 99, 121. |
| Cé a thóg ár séadchomhartha? | (a) Choimisiúnaigh William Conolly an tógáil. Fear saibhir ab ea é a fuair bás sa bhliain 1729. | (a) Neil Jackman (2018), *Sacred Skies and Earthly Sinners: The Excavation of a Passage Tomb on Montpelier Hill, County Dublin*, lch 93-95. |

Is foinsí tánaisteacha iad seo ach tá an dá cheann údarásach. Tá foinse 2018 níos cothroime le dáta, áfach. Tá sé níos baintí freisin mar gur staidéar dírithe é. D'fhéadfadh a chríochnúlacht agus an fhianaise a bhaineann leis a thabhairt le fios go bhfuil sé níos cruinne freisin.

Más Conolly féin a choimisiúnaigh é, ní fhéadfadh sé é sin a dhéanamh idir 1730 agus 1750 má fuair sé bás in 1729.

**Ceist:** Sula dtosaíonn tú a bheith criticiúil le do chuid sonraí féin, smaoinigh ar an sampla thuas. Cén dáta tógála do Chlub Thine Ifrinn is dóichí atá cruinn i do thuairimse, agus cén fáth?

# Gníomhaíocht 3.3: Do thorthaí taighde a chur le chéile

**Treoracha:**

Nuair a bheidh dóthain eolais bailithe agat chun do cheisteanna taighde a fhreagairt, agus nuair a bheidh anailís agus meastóireacht déanta agat air, beidh ort é a scríobh síos sa chaoi is go mbeidh sé soiléir agus gur féidir leatsa agus le daoine eile é a thuiscint amach anseo.

Déan é sin trí mhíreanna mínithe a scríobh ina ndírítear ar gach ceann de do cheisteanna taighde agus ina bhfreagraítear iad. I ngach mír, ba chóir duit d'fhoinsí eolais a aithint agus d'anailís agus do mheasúnú ar na foinsí sin a mhíniú. Bain úsáid as an sampla thíos chun treoir a thabhairt duit agus tú ag scríobh síos do thorthaí.

## Cathain a tógadh Club Thine Ifrinn ar Chnoc Montpelier?

Coimisiúnaíodh an foirgneamh ar a dtugtar Club Thine Ifrinn ar Chnoc Montpelier i nDeisceart Bhaile Átha Cliath le tógáil ag an bpolaiteoir saibhir William Conolly, timpeall na bliana 1725 is dócha. Glacann Jackman (2018) leis an dáta sin agus le baint Conolly leis, cé go n-admhaíonn sé nárbh fhéidir leis aon fhianaise chomhaimseartha ó fhoinsí príomhúla a aimsiú chun é a dhearbhú. Luaitear i bhFardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (2002) gur tógadh an foirgneamh timpeall na bliana 1740, nó idir 1730 agus 1750. Ní dóchúil é sin, áfach, nuair a chuirtear san áireamh go bhfuair Conolly bás sa bhliain 1729 (Jackman, 2018).

Smaoinigh ar an gcaoi a bhféadfá do mhíreanna dréachtaithe a eagrú agus a chur i láthair i bhfoirm aiste. Beidh ort réamhrá agus conclúid a scríobh do d'aiste. Cad iad na gnáthghnéithe a bhaineann le gach ceann acu?

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi conas aistí taighde stairiúla a scríobh agus a struchtúrú, féach A Guide to Writing Historical Research Essays for Second Level Students leis an Dr Paul Flynn, an Dr Luke O'Donnell agus an Dr Barry Houlihan (Ollscoil na Gaillimhe).

# Nóta maidir le lua agus tagairtí

### Lua agus Tagairtí

Nuair a fhoilsítear torthaí taighde, ba cheart gach iarracht a dhéanamh aitheantas a thabhairt do na bunfhoinsí eolais. Tugtar lua nó tagairt ar an ngnáthnós seo agus is é an prionsabal ginearálta ná go gcaithfidh tú foinse na faisnéise a fuair tú trí thaighde a lua. Is é Córas Harvard, ar a dtugtar an córas Údair-Dáta freisin, an córas tagartha is coitianta a úsáideann acadóirí. Is é úsáid fonótaí an príomhchóras eile.

Tá Lámhleabhar Stíle Chicago ar cheann de na príomhthreoracha idirnáisiúnta maidir le foilsitheoireacht agus tagairtí. Cuireann sé treoir thapa ar fáil maidir le lua/tagairtí ar a shuíomh gréasáin www.chicagomanualofstyle.org

Foilsíonn Cumann Taighde na nDaonnachtaí Nua-Aimseartha sa Ríocht Aontaithe treoir stíle a phléann le gach gné den fhoilsitheoireacht. Tá sé ar fáil le híoslódáil ar a suíomh gréasáin www.mhra.org.uk/style/. Pléitear i gCaibidlí 10 agus 11 go sonrach le fonótaí agus tagairtí.



# Do thorthaí taighde a stóráil lena n-úsáid amach anseo: Smaoinigh ar chartlann tionscadail a bhunú

Ba chóir duit do **thorthaí taighde a choimeád slán** ionas gur féidir leat iad a úsáid agus tagairt a dhéanamh dóibh níos déanaí sa tionscadal Bealach amháin chun sin a dhéanamh ná **cartlann tionscadail a chruthú.**

*"Is éard is **cartlannú** ná an próiseas trína stórálann tú na doiciméid uile a chruthaítear trí do thaighde. Is taifead buan é atá inrochtana... Tá cartlann tábhachtach mar go gcoimeádtar do chuid oibre go léir le chéile ann in aon áit amháin inar féidir féachaint siar air níos déanaí. Tá sé tábhachtach pleanáil chúramach a dhéanamh chun do chartlann a chur ar bun ionas go gcaomhnófar í. Is iad prionsabail an chúraim fhadtéarmaigh agus na rochtana poiblí na nithe is tábhachtaí le cur san áireamh nuair atá cartlann á cruthú.*

*Cé go ndéantar cartlannú nuair a bhíonn tionscadal taighde críochnaithe, ba cheart smaoineamh air ag an tús ionas gur féidir leat nósanna imeachta cearta a leanúint."*

**Nuair atá taighde á dhéanamh agat, déan an méid seo a leanas chun cabhrú leis an bpróiseas cartlannaithe:**

- Córas a bhunú chun an t-eolas uile a bhailítear a bhainistiú, córas innéacsaithe ina bhfuil uimhir aitheantais ar leith ag gach mír sa chartlann san áireamh. Ba chóir doiciméid i gcartlann a choimeád san ord inar cruthaíodh iad ar dtús.
- Ceap duine amháin mar choimeádaí atá freagrach as an eolas sin a bhainistiú.
- Cruthaigh doiciméad pro-forma chun eolas a thaifeadadh ann le linn an phróisis taighde. Ba cheart go gcuirfí sonraí san áireamh ann seo cosúil leis an dáta a cuireadh an doiciméad le chéile, an duine a chuir le chéile é agus an fhoinse bhunaidh.
- Bain úsáid as téarmaíocht chomhsheasmhach i rith an phróisis taighde. Áirítear leis sin litriú ainmneacha agus logainmneacha, tagairtí do thréimhsí ama, e.g. an Chré-umhaois, an mheánaois.
- Cruthaigh liosta ábhar ina dtaispeántar an t-eolas go léir atá sa chartlann
- Cinntigh go bhfuil na doiciméid atá beartaithe le haghaidh cartlannú inléite agus clóite ar pháipéar ardchaighdeáin. Seachain fáiscíní páipéir miotail agus stáplaí a úsáid mar gheall gur féidir le meirg teacht orthu. Níor cheart greamacháin a úsáid chun doiciméid a cheangal.

# Nóta faoi earraí agus cartlanna seandálaíochta

Tabhair faoi deara nár cheart go mbeadh earraí mar chuid de do chartlann. Má aimsíonn tú aon earraí nó déantáin ar do shuíomh le linn do thaighde, tá oibleagáid dhlíthiúil ort faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2014 Ard-Mhúsaem na hÉireann nó Músaem Contae ainmnithe a chur ar an eolas laistigh de 96 uair an chloig tar éis iad a aimsiú. Is maoin stáit gach déantán seandálaíochta (is é earraí an téarma dlíthiúil) agus níor cheart go mbeidís i seilbh daoine aonair ná grúpaí. Is cion é sin a dhéanamh. Mura bhfuil tú cinnte faoi aois d'earra, moltar duit teagmháil a dhéanamh le do Mhúsaem Contae áitiúil nó Ard-Mhúsaem na hÉireann.





# Do thaighde a chartlannú trí iCAN

## Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann (iCAN)

Bhunaigh Ard-Mhúsaem na hÉireann iCAN sa bhliain 2009 agus forbraíodh é i gcomhpháirtíocht le hOifigigh Oidhreachta údaráis áitiúil rannpháirteacha agus le tacaíocht ó Éire Ildánach. Chuaigh an Chomhairle Oidhreachta i gcomhar leo mar chomhpháirtí maoinithe nua sa bhliain 2023 chun an tionscnamh a leathnú.

Is é a phríomhaidhm pobail a spreagadh agus tacú leo chun a stair agus a n-oidhreacht áitiúil a bhailiú agus a roinnt ar líne. Cabhraíonn iCAN le pobail a suíomhanna gréasáin féin a fhorbairt inar féidir eolas digitithe, grianghraif, léarscáileanna, litreacha, taifid, scéalta agus doiciméid ina measc a uaslódáil agus a chur ar fáil go forleathan. Is suíomhanna gréasáin rannpháirteacha iad na suíomhanna gréasáin seo, rud a chiallaíonn gur féidir le duine ar bith, áit ar bith ar domhan, cur leis na bailiúcháin. Tá réimse leathan eolais le fáil ar na 33 suíomh gréasáin atá cruthaithe go dtí seo, idir eolas faoi shuíomhanna stairiúla áitiúla agus traidisiúin agus seanchas. Is formáid den scoth í seo dá bharr chun scéalta faoin séadchomhartha a ghlac tú a roinnt.

Chomh maith le heolas a dhoiciméadú faoi shuíomhanna oidhreachta áitiúla, traidisiúin agus daoine aitheanta áitiúla, is foinse luachmhar iad na cartlanna freisin do thionscadail ghinealais agus sinsearachta. Bhí breis agus 2 mhilliún cuairt tugtha faoi Bhealtaine 2023 ar líonra suíomhanna gréasáin iCAN ag daoine ó 215 tír éagsúil. Is féidir leat teacht ar eolas breise faoi iCAN agus cad a bhaineann leis ag leavenotraceireland.org.

iCAN
IRISH COMMUNITY ARCHIVE NETWORK

museum
Ard-Mhusaem na hÉireann
National Museum of Ireland

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Úsáidí amach anseo do do thorthaí taighde

- Áit mhaith le tosú is ea alt a fhoilsiú in iris staire áitiúil. Bíonn áthas ar go leor irisí áitiúla ailt is díol spéise áitiúil a fhoilsiú, go háirithe nuair a bhíonn fíricí agus eolas nua tugtha chun solais iontu. Ní mór an t-alt a scríobh go maith agus cloí le caighdeáin áirithe, cosúil le tagairtí/foinsí a lua.
- Is féidir smaoineamh ar leabhar nó leabhrán a fhoilsiú ina bhfuil do chuid torthaí ach ba cheart machnamh cúramach a dhéanamh air sin. Is rogha tharraingteach é sin ar go leor bealaí, ach d'fhéadfadh go mbeidh costas mór agus go leor ama i gceist. Is féidir urraíocht nó cúnamh deontais a lorg. Ba cheart duit smaoineamh ar an margadh féideartha atá ann d'fhoilseachán den sórt sin agus an féidir leat dóthain cóipeanna den saothar foilsithe a dhíol chun íoc as na costais nó chun údar a thabhairt leis an iarracht atá i gceist.
- Cuireann foilsitheoireacht ar líne rogha inrochtana agus ar chostas íseal ar fáil chun toradh do thaighde a scaipeadh. Is iad na buntáistí go bhfuil an foilseachán ar fáil níos forleithne agus gur féidir méid níos mó eolais, grianghraif, líníochtaí agus léarscáileanna, a chur san áireamh níos éasca. Tá sé níos éasca freisin an foilseachán a nuashonrú agus ábhar nua a chur leis. Tá go leor seirbhísí ar líne ann a ligeann duit blag nó suíomh gréasáin a chruthú saor in aisce. Tá na dúshláin theicniúla a bhaineann le suíomhanna gréasáin a fhorbairt simplithe go mór.
- Cuireann foilseacháin fuaime bealach inrochtana ar fáil chun eolas a roinnt nuair a chuirtear iad ar fáil i gcomhar le teicneolaíochtaí nua-aimseartha. Is féidir íomhánna a chur ar fáil le taifeadtaí fuaime chun físeán a chruthú ar féidir é a uaslódáil chuig YouTube. Is féidir foilseacháin fuaime a bheith i bhfoirm podchraoltaí nó comhad mp3 freisin agus d'fhéadfaí iad a uaslódáil chuig suíomh gréasáin sruthaithe ar nós SoundCloud.

**Léigh an sliocht as *Glac le Séadchomhartha: Treoir maidir le Tionscadail Seandálaíochta Pobail* a chuirtear ar fáil anseo.**

- An bhfuil aon cheann de na smaointe seo oiriúnach do do thionscadal agus do thorthaí do ghrúpa?
- An bhfuil na scileanna agus na hacmhainní ag do ghrúpa chun cuid de do thorthaí nó iad uile a fhoilsiú ar aon cheann de na bealaí seo?
- Mura bhfuil, an bhfuil bealach foilsitheoireachta atá cosúil leis ar fáil a d'fhéadfá a thriail?

# Gníomhaíocht 3.4: Úsáidí amach anseo do thorthaí taighde

**Treoracha:**

Tar éis duit torthaí do thaighde deisce a scríobh, is fiú roinnt ama a chaitheamh chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfá an t-eolas sin a úsáid chun do shéadchomhartha a chur chun cinn, a chosaint agus/nó a chaomhnú feasta.

Déan liosta de na bealaí féideartha inar féidir leat úsáid a bhaint as do thorthaí scríofa feasta. Bain úsáid as na leideanna thíos mar threoir duit. Breac síos do chuid smaointe, mar tabharfar deis duit do chuid torthaí a úsáid chun do shéadchomhartha a chur chun cinn ag pointe níos déanaí sa tionscadal.

**Leideanna:**

- Cén lucht spéise a cheapann tú a mbeadh suim acu i do thorthaí faoin séadchomhartha? An gceapann tú go gcabhróidh foghlaim faoi na rudaí seo leo meas níos mó a bheith acu ar an séadchomhartha?
- An gceapann tú go mbeadh suim ag daoine a thugann cuairt ar an séadchomhartha i do thorthaí? Má cheapann, conas a aimsíonn tú iad?
- An gceapann tú go mbeadh suim ag daoine a bhfuil taighde deisce á dhéanamh acu sa bhaile i do thorthaí? Má cheapann, conas a aimsíonn tú iad?
- An bhfuil daoine i gcumhacht nó grúpaí ann a d'fhéadfadh cabhrú leat an séadchomhartha a chosaint agus a mbeadh sé chun tairbhe dóibh freisin do chuid thorthaí a léamh agus tuiscint níos fearr a fháil ar an séadchomhartha?
- Má tá lucht féachana leathan (e.g. náisiúnta) i gceist agat, conas a d'fhéadfá do thorthaí a roinnt? Cad iad na meáin agus na modhanna éagsúla a d'fhéadfá a úsáid chun teacht ar dhaoine?

**Do smaointe:**

# Cuid a Ceathair:
# Do chuairt ar an láthair a phleanáil agus a thabhairt

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Cuid a Ceathair: Cuspóirí foghlama

**Ba cheart go mbeadh an méid a leanas déanta ag gach dalta faoi dheireadh na coda seo:**

1. Páirt glactha acu i gcuairt a phleanáil ar a séadchomhartha.
2. Na modhanna taifeadta éagsúla atá ar fáil le húsáid foghlamtha.
3. Smaoineamh déanta ar shaincheisteanna amhail rochtain ar an suíomh, ceadanna, agus sláinte agus sábháilteacht.
4. Cuairt tugtha ar an láthair chun an séadchomhartha a thaifeadadh agus úsáid á baint as modh amháin nó níos mó.
5. Smaoineamh déanta ar an mbealach is fearr chun na sonraí a bhailigh siad sa réimse a stóráil, a úsáid agus a chur in iúl.

**Is féidir spreagadh a thabhairt do dhaltaí freisin:**

1. Anailís chriticiúil a dhéanamh ar fhianaise ón réimse chun cabhrú leo a gcuid ceisteanna taighde a fhreagairt
2. Eolas nua a chruthú (nó eolas caillte a athaimsiú), b'fhéidir, faoina séadchomhartha tríd an bpróiseas taighde

# Cad is fiú obair allamuigh a dhéanamh?

- Tabharfaidh tú cuairt ar an séadchomhartha chun do cheisteanna taighde a fhreagairt.
  - D'fhéadfadh gur ceisteanna iad seo atá curtha agat cheana féin le haghaidh do thaighde deisce.
  - B'fhéidir nárbh fhéidir leat roinnt ceisteanna a fhreagairt, nó b'fhéidir gur mhaith leat an t-eolas a bailíodh i bhfoinsí scríofa ar an suíomh féin a fhíorú.
  - Is féidir ceisteanna taighde nua a bheith i gceist leo freisin.
- Is féidir leat an séadchomhartha a bhreathnú agus a thaifeadadh ar an gcuairt trí mhodhanna éagsúla a úsáid.
  - Trí bhreathnú ar an séadchomhartha agus é a thaifeadadh, beidh fianaise ar fáil duit a chabhróidh leat do cheisteanna taighde a fhreagairt.
- Chomh maith le cuairt a thabhairt ar shéadchomhartha, féadfaidh taighdeoirí obair allamuigh eile a dhéanamh cosúil le stair bhéil áitiúil agus béaloideas a bhaineann leis an séadchomhartha a bhailiú.

**Is é an chéad chéim i bpleanáil do chuairte ar an suíomh ná a dheimhniú cad ba mhaith leat a fháil amach trí chuairt a thabhairt ar an suíomh.**

# Gníomhaíocht 4.1: Modhanna fiosraithe agus taifeadta

**Treoracha:** Meaitseáil an modh leis an gcur síos a dhéantar air. Cuir uimhir an cur síos le litir an mhodha chirt sa tábla ag an mbun.

| Modh | Cur Síos |
|---|---|
| **A. Tuairim** | 1. Teicníc seandálaíochta mhillteach nó ionrach ina ndéantar poill tástála agus/nó trinsí a thochailt chun tuiscint níos fearr a fháil ar stair an tséadchomhartha. Ní féidir ach le seandálaí cáilithe é seo a dhéanamh faoi cheadúnas. |
| **B. Tochailt** | 2. Baineann sé seo le huirlisí, cosúil le scálaí méadair, téipeanna, agus rothaí landair a úsáid chun méid agus scála an tséadchomhartha, an tsuímh níos leithne, nó ghnéithe an tséadchomhartha a dheimhniú. |
| **C. Taifeadadh trí líníocht** | 3. Imscrúdú seandálaíochta neamh-millteach nó neamhionrach é seo a úsáideann teicneolaíochtaí braite éagsúla (e.g. radar treáite talún agus maighnéadaiméadracht) chun breathnú faoin talamh. Ní féidir ach le seandálaí cáilithe an obair seo a dhéanamh faoi cheadúnas. |
| **D. Suirbhé geoifisiceach** | 4. Is éard a bhaineann leis seo íomhánna amhairc den séadchomhartha, a ghnéithe agus an suíomh a thógáil le ceamara. Is féidir é seo a dhéanamh le gléasanna boise, nó uaireanta cuirtear ceamaraí ar dhróin le haghaidh grianghrafadóireachta ón aer. |
| **E. Tomhas fisiciúil** | 5. Is éard a bhaineann leis scrúdú amhairc ar an séadchomhartha nó ar an suíomh chun do cheisteanna taighde a fhreagairt. |
| **F. Taifeadadh i scríbhinn** | 6. Is modh é seo chun suíomh a imscrúdú ina siúlann an taighdeoir timpeall limistéir agus aon ábhar seandálaíochta á lorg acu atá ar dhromchla na hithreach. Tá an modh seo oiriúnach chun imscrúdú a dhéanamh ar pháirceanna treafa nuair a bhíonn cead tugtha ag úinéir na talún agus nach séadchomhartha sceidealaithe an suíomh. |
| **G. Taifeadadh grianghrafadóireachta** | 7. Baineann sé seo le taifead amhairc a dhéanamh den séadchomhartha agus/nó den suíomh tríd an séadchomhartha a sceitseáil agus plean láithreáin a chruthú. |
| **H. Siúl páirce** | 8. Is éard a bhaineann leis seo torthaí do chuairte ar an suíomh a dhoiciméadú agus a mhíniú ar bhealach atá soiléir agus beacht agus a bhfuil teacht ag léitheoirí air. |

**Cuir d'fhreagraí isteach anseo** →

| A | B | C | D | U | F | G | H |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

# Gníomhaíocht 4.1: Modhanna fiosraithe agus taifeadta

**Treoracha:** Meaitseáil an modh leis an gcur síos a dhéantar air. Cuir uimhir an cur síos le litir an mhodha chirt sa tábla ag an mbun.

| Modh | Cur Síos |
|---|---|
| **A. Tuairim** | 1. Teicníc seandálaíochta mhillteach nó ionrach ina ndéantar poill tástála agus/nó trinsí a thochailt chun tuiscint níos fearr a fháil ar stair an tséadchomhartha. Ní féidir ach le seandálaí cáilithe é seo a dhéanamh faoi cheadúnas. |
| **B. Tochailt** | 2. Baineann sé seo le huirlisí, cosúil le scálaí méadair, téipeanna, agus rothaí landair a úsáid chun méid agus scála an tséadchomhartha, an tsuímh níos leithne, nó ghnéithe an tséadchomhartha a dheimhniú. |
| **C. Taifeadadh trí líníocht** | 3. Imscrúdú seandálaíochta neamh-millteach nó neamhionrach é seo a úsáideann teicneolaíochtaí braite éagsúla (e.g. radar treáite talún agus maighnéadaiméadracht) chun breathnú faoin talamh. Ní féidir ach le seandálaí cáilithe an obair seo a dhéanamh faoi cheadúnas. |
| **D. Suirbhé geoifisiceach** | 4. Is éard a bhaineann leis seo íomhánna amhairc den séadchomhartha, a ghnéithe agus an suíomh a thógáil le ceamara. Is féidir é seo a dhéanamh le gléasanna boise, nó uaireanta cuirtear ceamaraí ar dhróin le haghaidh grianghrafadóireachta ón aer. |
| **E. Tomhas fisiciúil** | 5. Is éard a bhaineann leis scrúdú amhairc ar an séadchomhartha nó ar an suíomh chun do cheisteanna taighde a fhreagairt. |
| **F. Taifeadadh i scríbhinn** | 6. Is modh é seo chun suíomh a imscrúdú ina siúlann an taighdeoir timpeall limistéir agus aon ábhar seandálaíochta á lorg acu atá ar dhromchla na hithreach. Tá an modh seo oiriúnach chun imscrúdú a dhéanamh ar pháirceanna treafa nuair a bhíonn cead tugtha ag úinéir na talún agus nach séadchomhartha sceidealaithe an suíomh. |
| **G. Taifeadadh grianghrafadóireachta** | 7. Baineann sé seo le taifead amhairc a dhéanamh den séadchomhartha agus/nó den suíomh tríd an séadchomhartha a sceitseáil agus plean láithreáin a chruthú. |
| **H. Siúl páirce** | 8. Is éard a bhaineann leis seo torthaí do chuairte ar an suíomh a dhoiciméadú agus a mhíniú ar bhealach atá soiléir agus beacht agus a bhfuil teacht ag léitheoirí air. |

**Cuir d'fhreagraí isteach anseo** →

| A | B | C | D | U | F | G | H |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | 1 | 7 | 3 | 2 | 8 | 4 | 6 |

# Gníomhaíocht 4.2: Buntáistí agus míbhuntáistí gach modha

**Treoracha:** Bunaithe ar do chuid eolais ar mhodhanna éagsúla taifeadta agus imscrúdaithe, aithin na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann acu agus an tábla thíos á úsáid.

| Modh | Buntáistí | Míbhuntáistí |
|---|---|---|
| **Tuairim** | | |
| **Tochailt** | | |
| **Taifeadadh trí líníocht** | | |
| **Suirbhé geoifisiceach** | | |
| **Tomhas fisiciúil** | | |
| **Taifeadadh i scríbhinn** | | |
| **Taifeadadh grianghrafadóireachta** | | |
| **Siúl páirce** | | |

# Gníomhaíocht 4.2: Buntáistí agus míbhuntáistí gach modha

**Freagraí féideartha:** Seo thíos roinnt freagraí féideartha a mb’fhéidir gur aithin tú.

| Modh | Buntáistí | Míbhuntáistí |
|---|---|---|
| **Tuairim** | Beagán trealaimh nó trealamh ar bith ag teastáil; torthaí ar an toirt; éasca breathnóirí iolracha a bheith agat; costais ar bith i gceist. | B’fhéidir go mbeadh leibhéal áirithe eolais nó taithí ag teastáil; b’fhéidir nach mbeadh an séadchomhartha ar fad le feiceáil go héasca. |
| **Tochailt** | D’fhéadfadh sé fianaise ardchaighdeáin a sholáthar do stair do shéadchomhartha. | Teastaíonn seandálaithe saineolacha, trealamh, saothar, am agus ceadúnas; tá sé costasach agus déanann sé díobháil don tseandálaíocht. |
| **Taifeadadh trí líníocht** | Bealach inrochtana chun do shéadchomhartha a thaifeadadh agus a léirshamhlú; ní theastaíonn mórán trealaimh agus is beag costas a bhaineann leis. | Teastaíonn roinnt scile chun go n-éireoidh go han-mhaith leis. |
| **Suirbhé geoifisiceach** | Is féidir fianaise ardchaighdeáin a sholáthar a bhaineann le do shéadchomhartha nó do shuíomh; ní dhéanann sé díobháil don tseandálaíocht; cuireann roinnt seandálaithe seirbhísí den chineál céanna ar fáil do scoileanna. | Teastaíonn seandálaithe saineolacha, trealamh, saothar, am agus ceadúnas; d’fhéadfadh roinnt costas a bheith i gceist. |
| **Tomhas fisiciúil** | Ní theastaíonn ach trealamh simplí (e.g. scálaí méadair, téipeanna, rothaí landair); réasúnta éasca le déanamh. | D’fhéadfadh roinnt costais trealaimh a bheith i gceist; d’fhéadfadh go dtógfadh sé go leor ama ag brath ar mhéid an tsuímh. |
| **Taifeadadh i scríbhinn** | Beagán trealaimh ag teastáil; tugann sé deis duit do léirmhíniú ar an suíomh a thaifeadadh; deis chun torthaí taighde deisce agus allamuigh a chur i gcomparáid nó a bhailiú. | D’fhéadfadh go leor ama a bheith ag teastáil agus go mbeadh sé deacair orthu siúd nach bhfuil taithí acu ar chur síos foirmiúil a scríobh. |
| **Taifeadadh grianghrafadóireachta** | Tá teicneolaíocht ceamara ar fáil go héasca; tá roinnt scileanna ag teastáil ach is cur chuige réasúnta inrochtana é. | D’fhéadfadh go mbeadh gá le cuairteanna iomadúla thar thréimhse ama chun sonraí úsáideacha ar threochtaí a fháil; ní bhíonn sé chomh héasca teacht ar threalamh chun grianghraif ón aer a ghlacadh. |
| **Siúl páirce** | Modh neamhionrach chun seandálaíocht a bhrath a d’fhéadfaí a chailleadh nó a bhféadfaí díobháil a dhéanamh di de bharr treafa murach sin. | Tógann sé go leor ama agus teastaíonn roinnt eolais ar chultúr ábhartha stairiúil chun seandálaíocht a aithint. |

# Gníomhaíocht 4.3: Athbhreithniú ar cheisteanna taighde

**Treoracha:**

Scrúdaigh bhur gceisteanna taighde roimhe seo arís mar ghrúpa. Ansin pléigh na ceisteanna thíos chun ceisteanna taighde a aithint agus a chruthú chun do chuairt ar an suíomh a threorú. Scríobh do cheisteanna sa bhosca thíos.

1. Cé acu de do cheisteanna nárbh fhéidir leat a fhreagairt trí thaighde deisce a d'fhéadfá a fhreagairt trí chuairt a thabhairt ar an suíomh?
2. An mbeadh aon tairbhe le baint ag aon cheann de do thorthaí taighde deisce as deimhniú ag an láthair?
3. Cén gníomhaíochtaí a chaithfidh tú a dhéanamh ar an láthair (e.g. breathnóireacht, tomhas etc.) chun na ceisteanna seo a fhreagairt?
4. Cén t-eolas eile a d'fhéadfá a fháil amach trí chuairt a thabhairt ar an séadchomhartha agus é a fhiosrú nár smaoinigh tú orthu cheana féin? Smaoinigh ar na leideanna thíos agus iad siúd sa bhosca buí:
   - Cén bhail atá ar an séadchomhartha? An féidir leat aon díobháil a fheiceáil?
   - An bhfuil sé imithe in olcas le blianta beaga anuas bunaithe ar fhianaise amhairc nó ar thuairiscí atá agat ón am atá thart?
   - Cé chomh mór atá do shéadchomhartha, agus cén suíomh atá aige sa tírdhreach?
   - An ritheann smaointe leat faoi conas a úsáideadh an séadchomhartha san am atá thart bunaithe ar a chruth, a leagan amach, a ghaireacht d'áiteanna eile, agus a shuíomh sa tírdhreach níos leithne?

**Ceisteanna taighde do do chuairt ar an suíomh:**

**Ceisteanna samplacha le freagairt tar éis cuairt a thabhairt ar do shuíomh:**

- Cad é láthair chruinn an tsuímh?
- An bhfuil sé i ngar do ghné mhór thírdhreacha, aillte, loch, an fharraige, portaigh,
  eascracha...?
- Cá bhfuil an séadchomhartha suite?
- An bhfuil sé ar mhullach cnoic, ar fhánaí cnoic atá ag féachaint ó thuaidh, ó dheas, soir nó siar, i ngleann nó i machaire tuile...?
- An bhfuil aon bhóithre (sean nó nua-aimseartha) in aice láimhe?
- Cén sórt ithreach atá san áit a bhfuil an séadchomhartha suite? Talamh bhog, atá draenáilte go maith, faoi uisce go séasúrach...
- An bhfuil an séadchomhartha suite gar d'amhábhair thógála fhéideartha, do chairéil nó do mhianaigh?
- An bhfuil aon suíomhanna seandálaíochta/stairiúla eile sa chomharsanacht?
- Cén treo ina bhfuil do shéadchomhartha?
- Cén treo atá ar bhealaí isteach, séipéil...?
- Cad as a bhfuil do shéadchomhartha tógtha?
- Más cloch í, an chloch áitiúil í? An bhfuil moirtéal sna ballaí nó an ndearnadh iad a thógáil agus clocha tirime á n-úsáid?
- Cad iad tomhais (méadair agus ceintiméadair) do shéadchomhartha?
- Cad as a bhfuil an díon (más ann dó) déanta – sclátaí, tuí, clocha, tíleanna?
- An bhfuil aon ghnéithe i mballaí do shéadchomhartha cosúil le fuinneoga, oscailtí, balla níos tibhe ag bun an fhoirgnimh (an batar), síntí atá curtha leis an bhfoirgneamh?

# Conas do shéadchomhartha a thaifeadadh de shúil

## Taifead grianghrafadóireachta

Grianghrafadóireacht Shéasúrach:Is iad na chéad chéimeanna agus séadchomhartha á thaifeadadh ná an séadchomhartha a dhoiciméadú i rith na séasúr trí ghrianghraif a thógáil de. Trí ghrianghraif a thógáil den séadchomhartha ag amanna éagsúla den bhliain, déantar athruithe ar fhásra a thaifeadadh agus is féidir gnéithe a nochtadh a bhíonn i bhfolach i rith míonna an tsamhraidh agus an fhómhair mar gheall ar fhás dlúth fásra. Bí cinnte do ghrianghraif a thógáil i ndálaí maithe solais agus aimsire agus déan iarracht iad a thógáil ó réimse uillinneacha éagsúla. Má tá drón nó eitleog ar fáil ag ball de do ghrúpa chun grianghraif ón aer a thógáil, is minic a thaispeánann na grianghraif sin gnéithe nach mbíonn le feiceáil de ghnáth, cosúil le créfoirt nó barrachomharthaí in aice láimhe. Féach www.iaa.ie chun teacht ar eolas breise ar rialacháin maidir le dróin a úsáid in Éirinn. Tá cosc ar dhróin a úsáid ag gach suíomh Oidhreachta de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí.

Taifid Chaomhantais:Má tá oibreacha sceidealaithe caomhnaithe le déanamh ar an séadchomhartha, tóg grianghraif den séadchomhartha roimh, le linn agus ina dhiaidh ó réimse uillinneacha éagsúla chun na hoibreacha a thaifeadadh de réir mar a dhéantar iad agus chun an taifead a chaomhnú ar chuma an tséadchomhartha roimh na hoibreacha sin.

Íomhánna de Dhaoine:Ná déan dearmad go leor grianghraf a thógáil d’imeachtaí, siúlóidí, cainteanna etc. agus de dhaoine ag baint taitnimh as do shéadchomhartha. Is féidir na grianghraif seo a úsáid ar shuíomhanna gréasáin, i mbróisiúir agus in ábhar eile promóisin chun cabhrú le feasacht a scaipeadh faoin obair iontach ar fad atá ar siúl ag do shéadchomhartha. Bí cinnte daoine a chur ar an eolas go bhfuil tú ag glacadh grianghraf díobh agus gur féidir na híomhánna seo a úsáid ar shuíomhanna gréasáin etc.

Grianghraif Stairiúla: Má tá aithne ag aon bhall den ghrúpa ar aon íomhánna stairiúla den séadchomhartha, déan iarracht cead a fháil ón úinéir cóip scanta den íomhá a fháil. Tá na híomhánna stairiúla seo an-úsáideach chun taifead a chruthú ar an gcuma a bhí ar an séadchomhartha san am atá thart. Tá roinnt foinsí tábhachtacha léaráidí agus grianghraf stairiúil ar fáil ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Cumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann agus go leor eagraíochtaí eile.

## Taifead Tarraingthe

Is bealach iontach é sceitse nó plean de shuíomh chun sonraí do shéadchomhartha agus gnéithe sonracha a thaifeadadh. Agus plean nó sceitse den suíomh á tharraingt agat, cuir saighead thuaidh san áireamh i gcónaí. Bí cinnte ballaí teorann agus gnéithe topagrafacha eile a chur san áireamh freisin. Cuir lipéad gearr ar gach sceitse nó líníocht i gcónaí. Tá plean difriúil ó sceitse mar is líníocht chruinn de do shuíomh í a dhéantar trí thomhais a thógáil agus tríd an suíomh a tharraingt de réir scála cuí. Nuair atá plean á tharraingt agat, cuir san áireamh i gcónaí an scála ar ar tarraingíodh é. B’fhéidir go mbeadh ort coinbhinsiúin seandálaíochta chaighdeánacha a úsáid freisin ina léirítear gnéithe cosúil le díoga, bruacha, clocha agus fánaí géara. Is féidir coinbhinsiúin chaighdeánacha seandálaíochta agus leideanna maidir le suirbhéanna a dhéanamh ar shéadchomharthaí a fháil sa chéad acmhainn atá liostaithe thíos.

### Acmhainní

A Practical Guide To Recording Archaeological Sites: https://hoyorkney.com/wp-content/uploads/2015/02/SRP-Practical-Guide-to-Recording-Archaeological-Sites.pdf

Bailiúcháin Ghrianghraf Stairiúil na hÉireann, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI): https://www.nli.ie/collections/our-collections/photographs

# Is fiú duit a dheimhniú an féidir le haon seandálaithe cáilithe cabhrú

Más spéis leat cabhair shaineolach a fháil le d'imscrúdú allamuigh, mar shampla, trí thaispeáint duit conas do shéadchomhartha a thomhas agus a thaifeadadh, is fiú duit teagmháil a dhéanamh le seandálaí cáilithe.

Reáchtálann an Chomhairle Oidhreachta an scéim Oidhreacht sna Scoileanna do bhunscoileanna, agus tá leathnú ar an gclár á fhorbairt acu faoi láthair d'iar-bhunscoileanna. Cuirtear painéal saineolaithe oidhreachta cáilithe ar fáil in Oidhreacht sna Scoileanna, roinnt seandálaithe ina measc atá sásta cuairt a thabhairt ar scoileanna. Caith súil ar ár speisialtóirí anseo, mar gheall go bhféadfadh cuid acu cuairt a thabhairt ar do scoil: www.heritageinschools.ie

B'fhéidir go bhfuil seandálaí pobail i do cheantar áitiúil chomh maith. Nó is féidir leat Clár Chomhaltaí Institiúid Seandálaithe na hÉireann a bhrabhsáil trí dhul go dtí an suíomh gréasáin: www.iai.ie/about



An Seandálaí Anne Carey ag obair ag taifeadadh oscailt fuinneoige a nochtadh le déanaí ar Shráid na Siopaí, Gaillimh



Geoifisic á déanamh ag suíomh i gCo. na Gaillimhe ag Minerex Ltd.



Cuidíonn Bernadette Doherty, speisialtóir Oidhreacht sna Scoileanna agus seandálaí pobail, le daltaí na hIdirbhliana séadchomhartha a fhiosrú

*Íomhánna curtha ar fáil ag: B. Doherty*

# Gníomhaíocht 4.4: Rudaí le smaoineamh orthu roimh do chuairt

**Sula dtugann tú cuairt ar do shéadchomhartha, ní mór duit na ceisteanna thíos a mheas. Pléigh na rudaí seo i do ghrúpaí:**

1. Cé leis an séadchomhartha (nó aon talamh a gcaithfidh tú dul isteach ann chun rochtain a fháil air)? An bhfuil cead speisialta ó na húinéirí ag teastáil uait chun cuairt a thabhairt ar an séadchomhartha?
2. An bhfuil rochtain shábháilte ar an séadchomhartha? An dtagtar air trí thalamh thalmhaíochta? An bhfuil fadhbanna ann le beostoc? An bhfuil an suíomh sábháilte ó thaobh struchtúir de? An mbeidh an suíomh féin i mbaol mar gheall ar an gcuairt? Conas is féidir leat a chinntiú go mbeidh tú sábháilte ag tabhairt cuairte ar an suíomh?
3. An mbeidh tionchar comhshaoil ag do chuairt ar an suíomh? An mbeidh drochthionchar ag do chuairt ar bhithéagsúlacht áitiúil na ngnáthóg flóra nó fána? Cad is féidir a dhéanamh chun an tionchar a laghdú? An bhfuil do shuíomh suite i Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC), nó i Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) nó i Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA) (féach www.npws.ie le haghaidh tuilleadh eolais faoi shuíomhanna faoi chosaint agus an bealach is fearr is féidir linn iad a chaomhnú).
4. Conas is féidir leat a chinntiú nach ndéanfaidh tú damáiste don séadchomhartha agus tú ag tabhairt cuairte air? An ndéanfaidh an méadú ar líon daoine agus an t-imscrúdú damáiste creimneach don séadchomhartha? Conas a chuirfidh tú srian ar chreimeadh féideartha agus conas a sheachnóidh tú damáiste nó meath don séadchomhartha?

**Seicliosta: (cuir ciorcal timpeall ar d'fhreagra)**

1. An bhfuil cead agat/ag teastáil uait chun cuairt a thabhairt ar an suíomh? Tá / Níl
2. An bhfuil sé sábháilte cuairt a thabhairt ar an suíomh? Tá / Níl
3. An bhfuil do shuíomh in SAC, SPA, nó NHA? Tá / Níl
4. An mbeidh drochthionchar ag do chuairt ar an gcomhshaol nó ar an mbithéagsúlacht sa cheantar? Beidh / Ní bheidh
5. An ndéanfaidh do chuairt damáiste creimneach nó meath ar an séadchomhartha? Déanfaidh / Ní dhéanfaidh

**Gníomhartha is féidir leat a dhéanamh chun an dúlra agus an séadchomhartha a chosaint agus tú ar cuairt: (scríobh síos do chuid smaointe)**

**An bhfuil smaointe uait? Féach ar na treoracha seo**

Protecting Our Past: Code for Caring for Our Monuments: www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/153254/a1ed22a3-3d5f-4291-aa8c-56f585ce5728.pdf#page=null

Ná Fág Aon Lorg: Seacht bPrionsabal: https://www.leavenotraceireland.org/wp-content/uploads/2021/03/2105051-LNT-7-Principles-PocketGuide.pdf

# Gníomhaíocht 4.5: Treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta a Chur i bhFeidhm

1. **Oifigeach Sábháilteachta a cheapadh**: Ba chóir gur post foirmiúil ainmnithe é seo i do ghrúpa. Ba chóir don duine ceaptha freagracht cheannaireachta a ghlacadh as gach gné den tSláinte agus Sábháilteacht mar a leagtar amach thíos. Tá freagracht as an suíomh/ áit oibre a rialú, an Ráiteas Sábháilteachta a chur i bhfeidhm agus a chur in iúl do dhaoine eile agus gníomhú mar theagmhálaí do na Seirbhísí Éigeandála i gceist leis sin.
2. **Measúnú Riosca a Dhéanamh**: Is measúnú ar shuíomh é seo chun baol agus rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a aithint. Is gnách go mbíonn cigireacht chuimsitheach ar an suíomh i gceist le Measúnú Riosca. Tabhair aird i rith na cigireachta seo ar conas a d'fhéadfaí daoine a ghortú agus cén grúpaí ar leith a d'fhéadfadh a bheith i mbaol, e.g. cén áit ar an suíomh a bhféadfadh duine tuisliú nó titim? Cén tionchar a bheadh ag aimsir fhliuch ar shábháilteacht an tsuímh? Aicmigh gach riosca a aithníodh de réir leibhéal an bhaoil. Tá foirm mheasúnaithe riosca shamplach inár bhfoilseachán *Glac le Séadchomhartha: Treoir maidir le Tionscadail Seandálaíochta Pobail*.
3. **Bearta rialaithe a leagan amach**: Téitear i ngleic sna bearta seo le gach riosca a aithnítear. Is réamhchúraimí iad bearta rialaithe a dhéantar chun an riosca a íoslaghdú, e.g. bóthar a dhúnadh chun trácht a laghdú, dromchla neamhsciorrach a chur síos, a mholadh do dhaoine bróga cosanta a chaitheamh. Nuair a dhéantar iad a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i gceart, ba cheart go laghdóidís an baol timpistí go mór.
4. **Ráiteas Sábháilteachta scríofa a ullmhú**: Tá an measúnú riosca agus na bearta rialaithe sa doiciméad seo. Ní mór é a chur in iúl do na rannpháirtithe go léir sula dtosófar an chuairt.
5. **Ba cheart go mbeadh beartas scríofa sa Ráiteas Sábháilteachta** ina leagtar amach cé atá freagrach as déileáil le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta, nósanna imeachta garchabhrach agus éigeandála, agus nósanna imeachta do chuairteoirí. Braithfidh cineál do shuímh agus na cuairte atá beartaithe agat ar cé chomh mionsonraithe is gá do Ráiteas Sábháilteachta a bheith.
6. **Eachtraí agus timpistí a thuairisciú:** Ba chóir taifead scríofa ar aon teagmhais nó timpistí a choimeád ar fhoirm thuairiscithe chaighdeánach. Ba chóir go mbeadh an suíomh agus na cúinsí, sonraí an pháirtí ghortaithe agus daoine eile a bhí bainteach, finnéithe agus na nGardaí/Seirbhísí Éigeandála a bhí i láthair ag an láthair luaite sa tuairisc seo. Tá foirm thuairiscithe timpiste shamplach inár bhfoilseachán *Glac le Séadchomhartha: Treoir maidir le Tionscadail Seandálaíochta Pobail*.

Cuireann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) an uirlis ar líne saor in aisce BeSMART.ie ar fáil a ligeann d'aon eagraíocht a measúnú riosca agus a ráiteas sábháilteachta féin a chruthú. Treoraíonn sé an t-úsáideoir tríd an bpróiseas le teanga shimplí agus treoracha atá furasta a leanúint. Nuair a bheidh na céimeanna go léir críochnaithe agat, is féidir leat do ráiteas sábháilteachta a íoslódáil agus a phriontáil ansin.


**Ag obair i do ghrúpaí, lean an treoir thuas chun cabhrú leat:**

1. Oifigeach sábháilteachta a cheapadh do do ghrúpa a dhéanfaidh monatóireacht ar shláinte agus sábháilteacht le linn na cuairte.
2. Measúnú riosca a dhéanamh do do chuairt
3. Bearta a aithint chun rioscaí sláinte agus sábháilteachta a íoslaghdú

# Gníomhaíocht 4.6: Do chuairt a thabhairt

**Treoracha:** Seo thíos liosta de rudaí a d’fhéadfá a dhéanamh chun cabhrú le do cheisteanna taighde a fhreagairt agus tú ag tabhairt cuairte ar do shuíomh.
**Cuimhnigh:** tabhair do cheisteanna taighde (féach gníomhaíocht 4.3) leat chun treoir a thabhairt duit agus tú ag fiosrú an tsuímh.

1. Féach ar an suíomh trí shiúl timpeall air agus féachaint air ó uillinneacha éagsúla.
2. Féach ar aon ghnéithe agus struchtúir ar an suíomh. Smaoinigh ar cé mhéad atá ann agus an bhaint a d'fhéadfadh a bheith acu lena chéile.
3. Cuir an méid a fheiceann tú i dtaifead trí sceitse a dhéanamh den séadchomhartha agus a ghnéithe nó a struchtúir ghaolmhara. Bain triail as é a tharraingt de réir scála agus grafpháipéar á úsáid.
4. Déan iarracht cén cineál séadchomhartha atá ann a aithint bunaithe ar a ghnéithe. Is féidir leat comparáid a dhéanamh idir an méid a fheiceann tú ar an talamh leis an treoir seo freisin: Ag léamh do Thírdhreacha Áitiúil
5. Cuir an suíomh i dtaifead trí ghrianghraif a thógáil den séadchomhartha, a ghnéithe agus na struchtúir ghaolmhara ó uillinneacha éagsúla. Ba chóir duit grianghraf a thógáil d’earra taobh leis na rudaí seo freisin chun scála a thabhairt, e.g. bonn, slat méadair, nó duine.
6. Tabhair roth landair, slat méadair (slat raonála) agus/nó téip thomhais leat chun tomhais a dhéanamh ar an séadchomhartha agus a ghnéithe, na teorainneacha san áireamh.
7. Glac nótaí bunaithe ar do bhreathnóireacht, ina ndéantar cur síos ar an séadchomhartha agus a shuíomh geografach. Dírigh ar do cheisteanna taighde (e.g. cá bhfuil sé suite sa tírdhreach? Cad iad na hacmhainní nó na gnéithe atá in aice láimhe?)
8. Tabhair faoi deara an bhféadfadh baint a bheith ag logainmneacha áitiúla (e.g. ainm baile fearainn) leis an séadchomhartha, e.g. dún, ráth, cill etc.
9. Cuir an bhail atá ar an séadchomhartha i dtaifead, chomh maith leis an mbail atá ar an mbealach rochtana go dtí an séadchomhartha. Luaigh sna nótaí seo freisin an bhfuil sé ar thalamh príobháideach nó poiblí. Más ar thalamh príobháideach atá sé, cuir ainm an úinéara i dtaifead. Beidh sé seo deimhnithe agat sula dtugann tú cuairt má tá sé ar thalamh príobháideach.
10. Cuardaigh ballaí teorann agus piara geataí do chlocha saoirsithe a d’fhéadfadh a bheith ceangailte le struchtúir stairiúla nó le gníomhaíocht ar an suíomh.
11. Fiafraigh den úinéir talún agus de na daoine áitiúla faoin suíomh agus aon scéalta gaolmhara. Tá ainmneacha páirceanna fós i roinnt ceantar – ach is annamh a thaifeadtar iad. Aon uair is féidir, fiosraigh faoi ainmneacha den sórt sin agus cuir i dtaifead iad.




Tá na céimeanna seo bunaithe ar an bhfoilseachán thuas, atá ar fáil ag: https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/heritage-publications/reading-your-landscape

# Gníomhaíocht 4.7: Do thorthaí oibre allamuigh a thaifeadadh i scríbhinn

**Treoracha:**

Nuair a bheidh do chuairt tugtha ar an suíomh agat agus eolas bailithe agat chun do cheisteanna taighde a fhreagairt, beidh ort an t-eolas sin a scríobh sa chaoi is go mbeidh sé soiléir agus intuigthe duit féin agus do dhaoine eile amach anseo.

Ba chóir duit é sin a dhéanamh trí chur síos chomh mionsonraithe agus is féidir a dhéanamh ar do chuairt, na gníomhaíochtaí a rinneadh (e.g. breathnóireacht agus tomhas), agus torthaí na ngníomhaíochtaí seo.

## Rudaí a d'fhéadfá a chur i do thuairisc:

- Am, dáta agus suíomh na cuairte (tagairt eangaí san áireamh)
- Cé a thug cuairt agus cad a raibh gach duine freagrach as
- Dálaí aimsire agus infheictheacht
- Gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích, cá háit go díreach ar tugadh fúthu ar an suíomh, agus cén fáth (i.e. chun freagra a thabhairt ar na ceisteanna sonracha)
- Cur síos mionsonraithe ar na torthaí ó do ghníomhaíochtaí
- Coinníollacha ginearálta ar an láthair (e.g. leibhéal agus cineál fásra, inrochtaineacht, damáiste nó creimeadh a tugadh faoi deara, leibhéal tráchta/ líon daoine, beostoc ann)
- Teorainneacha ar chuairt ar an suíomh
- Tuairimí ar an bhféidearthacht cuairteanna a thabhairt amach anseo nó ar an ngá atá leo

Is féidir teacht ar thagairtí eangaí ag: https://irish.gridreferencefinder.com

# Gníomhaíocht 4.8: Do thorthaí taighde allamuigh agus deisce a chur i gcomparáid

**Treoracha:**

Nuair a bheidh do thuairisc scríofa agat, ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar conas a thacaíonn torthaí d'oibre allamuigh le torthaí do thaighde deisce nó a thagann siad salach orthu. Pléigh é sin i do ghrúpa agus na ceisteanna thíos á n-úsáid mar threoir duit. Breac síos do thuairimí.

## Ceisteanna treoracha:

- Conas a thacaíonn na torthaí ó do chuairt ar an suíomh leis na torthaí ó do thaighde deisce? Cén t-eolas a fuair tú ó do chuairt a mheaitseálann foinsí scríofa?
- Conas a thagann na torthaí ó do chuairt ar an suíomh salach ar na torthaí ó do thaighde deisce? Cén t-eolas a d'fhoghlaim tú ar an suíomh nach dtagann leis an méid a léigh tú?
- Cad a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach faoin neamhréiteach seo? An féidir iad a mhíniú le haon cheann de na nithe seo a leanas?
    - An gceapann tú go raibh an taighde deisce mícheart?
    - An gceapann tú go raibh do thaighde allamuigh mícheart?
    - An bhfuil an suíomh athraithe ó foilsíodh na hábhair thaighde deisce?
    - Má tháinig athrú ar an suíomh, cén t-athrú a tháinig air, agus conas a d'fhéadfaí é a chosaint ó athruithe breise diúltacha?

Scríobh do nótaí anseo:

**Nóta:** tá sé tábhachtach neamhréitigh idir torthaí taighde deisce agus allamuigh a chur san áireamh i do thorthaí foirmiúla scríofa.

# Cuid a Cúig:
# Ag gníomhú ar son do shéadchomhartha

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Cuid a Cúig: Cuspóirí foghlama

**Ba cheart go mbeadh an méid a leanas déanta ag gach dalta faoi dheireadh na coda seo:**

1. A dheimhniú cé leis ar chóir teagmháil a dhéanamh má tá imní ort faoi chúram agus caomhnú.
2. Tuiscint forbartha ar cad is léirmhíniú ann, an fáth go bhfuil sé tábhachtach, agus conas gníomhartha a dhéanamh chun a séadchomhartha áitiúil a léirmhíniú
3. D'fhoghlaim siad conas a séadchomhartha áitiúil a chur chun cinn go héifeachtach.
4. D'fhoghlaim siad faoi na tacaíochtaí seachtracha atá ar fáil do ghrúpaí ar mian leo séadchomharthaí áitiúla a chosaint.

**Is féidir spreagadh a thabhairt do dhaltaí freisin:**

1. Smaoineamh ar conas a d'fhéadfadh athrú aeráide tionchar a imirt ar a séadchomhartha áitiúil
2. Gníomhú ar son a séadchomhartha áitiúil (e.g. trí léirmhíniú a fhorbairt, trína chur chun cinn etc.)

# Cad atá le déanamh má theastaíonn cúram ó do shéadchomhartha áitiúil?

Is éard atá i gceist le caomhnú ná a chinntiú go mairfidh séadchomhartha do na glúnta atá le teacht, agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil sé sábháilte agus inrochtana.

D'fhéadfadh go mbeadh saineolaithe ag déanamh suirbhé ar an séadchomhartha chun measúnú a dhéanamh ar an damáiste féideartha nó ar na rioscaí go ndéanfar díobháil amach anseo. Uaireanta bíonn oibreacha deisiúcháin éigeandála ag saineolaithe agus a laghad idirghabháil á húsáid i gceist freisin.

## Ceisteanna treoracha:

- Má tá imní ort faoi fholláine do shéadchomhartha, ba chóir duit **teagmháil a dhéanamh le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, leis an gComhairle Oidhreachta, le d'Oifigeach Oidhreachta áitiúil, nó i gcásanna áirithe leis an nGarda Síochána** chun do chuid imní a chur in iúl.
- Agus é sin á dhéanamh agat, ba chóir duit do thuairimí ar an suíomh (grianghraif san áireamh, más féidir) a roinnt agus aird a tharraingt ar na fadhbanna a cheapann tú a d'fhéadfadh a bheith ann le do shuíomh.
- Níor cheart duit aon obair a dhéanamh ar shéadchomhartha áitiúil gan dul i gcomhairle leis na húdaráis ábhartha ar dtús mar tá cead agus ionchur saineolaithe a fháil ríthábhachtach chun oibreacha caomhnaithe cuí a dhéanamh.

Má tá imní ort, smaoinigh ar theagmháil a dhéanamh le:

- **Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta**
- **An Garda Síochána**
- **An Chomhairle Oidhreachta**
- **Oifigeach Oidhreachta Áitiúil**

**Ach cé acu ar chóir dom teagmháil a dhéanamh leis agus cad iad na róil atá acu?**

# Gníomhaíocht 5.1: Cé a nglaofaidh tú air?

**Treoracha:** Déan taighde ar gach ceann de na heagraíochtaí seo agus líon an tábla thíos. Bain úsáid as an idirlíon agus as *Glac le Séadchomhartha: Treoir do Thionscadail Seandálaíochta Pobail* chun cabhrú leat an t-eolas ceart a aimsiú.

| | Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta | An Garda Síochána | An Chomhairle Oidhreachta / Oifigeach Oidhreachta Áitiúil |
|---|---|---|---|
| Freagrach as saincheisteanna seandálaíochta (e.g. cosaint seandálaíochta) ag séadchomharthaí atá faoi chúram an stáit | | | |
| Freagrach as caomhnú agus bainistíocht séadchomharthaí atá faoi chúram an stáit (seirbhísí do chuairteoirí san áireamh) | | | |
| Reachtaíocht maidir le cosaint séadchomharthaí a chur i bhfeidhm agus imscrúduithe seandálaíochta a rialáil (brath miotail san áireamh) | | | |
| Comhairle a chur ar dhaoine aonair agus grúpaí ar shaincheisteanna seandálaíochta (oidhreacht seandálaíochta agus thógtha san áireamh) | | | |
| Ba chóir teagmháil a dhéanamh leo chun imní faoi dhíobháil a rinneadh do shéadchomharthaí a thuairisciú | | | |
| Ba chóir teagmháil a dhéanamh leo chun imní faoi bhrath miotail a thuairisciú | | | |

# Gníomhaíocht 5.1: Cé a nglaofaidh tú air?

**Freagraí:** Tá feidhmeanna eile ag na heagraíochtaí seo freisin a mb'fhéidir gur mhaith leat eolas a fháil fúthu. Mar shampla, cuireann an Chomhairle Oidhreachta deontais agus maoiniú ar fáil do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí eile chun tionscadail oidhreachta a reáchtáil.

| | Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta | An Garda Síochána | An Chomhairle Oidhreachta / Oifigeach Oidhreachta Áitiúil |
|---|---|---|---|
| Freagrach as saincheisteanna seandálaíochta (e.g. cosaint seandálaíochta) ag séadchomharthaí atá faoi chúram an stáit | TÁ | | |
| Freagrach as caomhnú agus bainistíocht séadchomharthaí atá faoi chúram an stáit (seirbhísí do chuairteoirí san áireamh) | | | |
| Reachtaíocht maidir le cosaint séadchomharthaí a chur i bhfeidhm agus imscrúduithe seandálaíochta a rialáil (brath miotail san áireamh) | TÁ | | |
| Comhairle a chur ar dhaoine aonair agus grúpaí ar shaincheisteanna seandálaíochta (oidhreacht seandálaíochta agus thógtha san áireamh) | TÁ | | TÁ |
| Ba chóir teagmháil a dhéanamh leo chun imní faoi dhíobháil a rinneadh do shéadchomhartha a thuairisciú | TÁ | TÁ (má rinneadh an díobháil mar gheall ar ghníomhaíocht neamhdhleathach) | TÁ |
| Ba chóir teagmháil a dhéanamh leo chun imní faoi bhrath miotail a thuairisciú | | TÁ | |

# Gníomhaíocht 5.1: Cé a nglaofaidh tú air?

**Freagraí:** Tá feidhmeanna eile ag na heagraíochtaí seo freisin a mb'fhéidir gur mhaith leat eolas a fháil fúthu. Mar shampla, cuireann an Chomhairle Oidhreachta deontais agus maoiniú ar fáil do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí eile chun tionscadail oidhreachta a reáchtáil.

| | Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta | An Garda Síochána | An Chomhairle Oidhreachta / Oifigeach Oidhreachta Áitiúil |
|---|---|---|---|
| Freagrach as saincheisteanna seandálaíochta (e.g. cosaint seandálaíochta) ag séadchomharthaí atá faoi chúram an stáit | TÁ | | |
| Freagrach as caomhnú agus bainistíocht séadchomharthaí atá faoi chúram an stáit (seirbhísí do chuairteoirí san áireamh) | **Ceist Bhónais**: Mura bhfuil aon cheann de na heagraíochtaí thuas freagrach as caomhnú agus bainistíocht séadchomharthaí atá faoi chúram an stáit, cén eagraíocht atá freagrach? | | |
| Reachtaíocht maidir le cosaint séadchomharthaí a chur i bhfeidhm agus imscrúduithe seandálaíochta a rialáil (brath miotail san áireamh) | TÁ | | |
| Comhairle a chur ar dhaoine aonair agus grúpaí ar shaincheisteanna seandálaíochta (oidhreacht seandálaíochta agus thógtha san áireamh) | TÁ | | TÁ |
| Ba chóir teagmháil a dhéanamh leo chun imní faoi dhíobháil a rinneadh do shéadchomhartha a thuairisciú | TÁ | TÁ (má rinneadh an díobháil mar gheall ar ghníomhaíocht neamhdhleathach) | TÁ |
| Ba chóir teagmháil a dhéanamh leo chun imní faoi bhrath miotail a thuairisciú | | TÁ | |

# Gníomhaíocht 5.1: Cé a nglaofaidh tú air?

**Freagraí:** Tá feidhmeanna eile ag na heagraíochtaí seo freisin a mb'fhéidir gur mhaith leat eolas a fháil fúthu. Mar shampla, cuireann an Chomhairle Oidhreachta deontais agus maoiniú ar fáil do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí eile chun tionscadail oidhreachta a reáchtáil.

| | **Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta** | **An Garda Síochána** | **An Chomhairle Oidhreachta / Oifigeach Oidhreachta Áitiúil** |
|---|---|---|---|
| Freagrach as saincheisteanna seandálaíochta (e.g. cosaint seandálaíochta) ag séadchomharthaí atá faoi chúram an stáit | TÁ | | |
| Freagrach as caomhnú agus bainistíocht séadchomharthaí atá faoi chúram an stáit (seirbhísí do chuairteoirí san áireamh) | **Freagra:** Tá Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) freagrach as caomhnú agus bainistíocht séadchomharthaí atá faoi chúram an stáit, seirbhísí do chuairteoirí san áireamh. | | |
| Reachtaíocht maidir le cosaint séadchomharthaí a chur i bhfeidhm agus imscrúduithe seandálaíochta a rialáil (brath miotail san áireamh) | TÁ | | |
| Comhairle a chur ar dhaoine aonair agus grúpaí ar shaincheisteanna seandálaíochta (oidhreacht seandálaíochta agus thógtha san áireamh) | TÁ | | TÁ |
| Ba chóir teagmháil a dhéanamh leo chun imní faoi dhíobháil a rinneadh do shéadchomhartha a thuairisciú | TÁ | TÁ (má rinneadh an díobháil mar gheall ar ghníomhaíocht neamhdhleathach) | TÁ |
| Ba chóir teagmháil a dhéanamh leo chun imní faoi bhrath miotail a thuairisciú | | TÁ | |

# Gníomhaíocht 5.2: Cén tionchar a d'fhéadfadh athrú aeráide a imirt ar do shéadchomhartha?

**Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu:**

- An bhfuil do shéadchomhartha nochta agus an bhfuil gnéithe leochaileacha ann?
- An bhféadfadh timpeallacht níos fliche nó níos tirime díobháil a dhéanamh dó?
- Cad iad na dálaí eile a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do ghnéithe éagsúla den séadchomhartha nó den suíomh?

**Do liosta de na bealaí a d'fhéadfadh athrú aeráide tionchar a imirt ar do shéadchomhartha:**

**Treoracha: Léigh an t-alt thíos. Ansin, déan liosta de na tionchair a cheapann tú a d'fhéadfadh an aeráid a imirt ar shéadchomhartha do ghrúpa anois agus amach anseo.**

**Athrú Aeráide agus do Shéadchomhartha**

Tá réimse bagairtí ag baint leis an athrú aeráide ar ár n-oidhreacht seandálaíochta agus thógtha agus ní mór dúinn a bheith ar an eolas fúthu ó thaobh cosaint séadchomharthaí agus sábháilteachta pearsanta de. Is féidir leis na stoirmeacha láidre, gaotha láidre, teochtaí foircneacha agus triomach níos minice tionchar a imirt ar shuíomhanna agus ar shéadchomharthaí ar bhealaí éagsúla.

**Déan cinneadh faoi cén ceann díobh seo a chruthaíonn an baol is mó agus an fáth atá leis sin**

# Measúnú a dhéanamh ar rioscaí do do shéadchomhartha mar gheall ar athrú aeráide

**Seo thíos liosta de na rioscaí féideartha do shéadchomharthaí mar gheall ar athrú aeráide:**

## Athrú Aeráide agus do Shéadchomhartha

- Creimeadh agus leathbhá mar gheall ar mhéadú tuilte
- Creimeadh cósta de bharr stoirmeacha agus ardú leibhéil na farraige
- Baol níos mó titime nó díobhála mar gheall ar ghaoth nó crainn ag titim
- Creimeadh dromchlaí cloiche trí shíonchaitheamh nó lannú mar gheall ar sioc trom

Má bhí drochaimsir ann, ba chóir duit a bheith cúramach agus tú ag siúl chuig do shuíomh ar eagla go mbeadh codanna de tar éis éirí scaoilte. Má thugann tú aon díobháil nó athruithe suntasacha faoi deara ar bhail do shéadchomhartha, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta trí ghlaoch ar 01 8882000 nó ríomhphost a sheoladh chuig nationalmonuments@housing.gov.ie a luaithe agus is féidir.

## Cleachtadh breise:

- Má d'fhéadfadh do shéadchomhartha a bheith i mbaol, smaoinigh ar mhonatóireacht a dhéanamh air i rith na bliana scoile.
- Mar shampla, d'fhéadfadh daltaí a bheith freagrach as a séadchomhartha (agus codanna éagsúla de) a sheiceáil agus as grianghraif a ghlacadh díobh ó na huillinneacha céanna gach mí.
- Is féidir leis seo cabhrú le heolas a bhailiú ar dhálaí aimsire ar an suíomh agus a dtionchar.
- D'fhéadfadh sé seo a bheith an-tábhachtach i rith an gheimhridh agus an earraigh nuair is dócha go ndéanfar níos mó díobhála mar gheall ar an aimsir.
- D'fhéadfadh go gceadófaí measúnú a dhéanamh ar an ráta díobhála atá á déanamh do shéadchomhartha trí ghrianghraif a chur i gcomparáid le himeacht ama.

# Gníomhaíocht 5.3: Léirmhíniú agus a áisiúlacht

*"Baintear tuiscint amach trí léirmhíniú; baintear léirthuiscint amach trí thuiscint, baintear cosaint amach trí léirthuiscint."*

(Tilden, 1957)

**Treoracha: Léigh na sleachta agus freagair na ceisteanna.**

### Cad is Léirmhíniú ann?

Is éard atá i gceist le léirmhíniú, go bunúsach, ná an bealach a insímid scéal suímh, áite nó ama ar leith. Baineann sé le brí áite a chur in iúl. D'fhéadfadh díreach treoraí turais a bheith ann chun scéal suímh a insint nó painéal léirmhínithe a dearadh go maith a bheith i gceist le léirmhíniú.

### Cén fáth go bhfuil léirmhíniú tábhachtach?

Is féidir le léirmhíniú maith cabhrú le brí shuímh a thuiscint, agus léargas eile a chur ar fáil ar an suíomh agus an scéal a thuiscint níos doimhne. Ba chóir don léirmhíniú tábhacht agus suntasacht an tsuímh laistigh de scéal níos leithne réigiúin nó náisiúin a mhíniú. Uaireanta is féidir le léirmhíniú buntáistí doláimhsithe a chruthú chun cuairteoirí a spreagadh, rud a d'fhéadfadh cabhrú leo scéal an tsuímh agus castacht fhoriomlán bheatha an duine agus a n-áit san am a thuiscint. Is féidir le léirmhíniú a bheith ina uirlis úsáideach freisin chun tacú le hoideachas foirmiúil.

Is féidir le léirmhíniú infheicthe cabhrú le hinfheictheacht ard a chinntiú freisin, rud a mhúsclaíonn caomhnóireacht phoiblí níos mó, agus is minic a chuireann daoine níos mó 'luacha' ar shuíomhanna ar léir go bhfuil cothabháil á déanamh orthu le háiseanna agus comharthaíocht dá bharr. D'fhéadfadh go mbeadh níos lú cásanna bruscair agus loitiméireachta ann mar thoradh air seo.

Cuidíonn léirmhíniú trí chéile leis an suíomh a dhéanamh níos ábhartha do chuairteoirí; is minic a bhíonn bríonna difriúla ag suíomhanna i measc daoine difriúla, agus ba chóir go mbeadh rud éigin le tairiscint ag do léirmhíniú do gach duine agus deis a thabhairt dóibh rud éigin nua a fhoghlaim agus meas a bheith acu ar an suíomh ar bhealaí éagsúla.

### Ceisteanna:

1. Sainmhínigh léirmhíniú, agus tabhair samplaí de chuir chuige éagsúla maidir le léirmhíniú.
2. Aithin agus mínigh cúig ghné de léirmhíniú maith.
3. Léigh athfhriotal Freeman Tilden (1957) ag barr an leathanaigh seo. Scríobh alt gearr ina mínítear cad is brí leis an athfhriotal seo. Bí réidh le d'fhreagra a roinnt leis an rang.

# Gníomhaíocht 5.4: Conas a léirmhíneofá do shéadchomhartha áitiúil?

**Treoracha:** Léigh an sliocht thíos agus déan gearrliosta de bhealaí éagsúla inar mhaith leat scéal do shéadchomhartha a insint.

Smaoinigh ar mheáin éagsúla agus ar lucht éisteachta éagsúil freisin. B'fhéidir go bhfillfeá ar do chuid smaointe do Ghníomhaíocht 3.4 freisin. An gcabhraíonn aon cheann díobh seo leat? Nuair a bheidh sé sin déanta, déan gearrliosta de do 3 smaoineamh is fearr agus aithin cén fáth gurb iad na smaointe is fearr.

*Is féidir go leor foirmeacha a bheith i gceist le léirmhíniú inniu. Idir bhróisiúir agus bhileoga clóite, painéil léirmhínithe, turais threoraithe, treoracha fuaime, aipeanna, físeáin, athléirithe, réaltacht fhíorúil, físchluichí, múrphictiúir, saothair ealaíne, laethanta oscailte, léachtaí - is fada an liosta!*

**Na smaointe is fearr leat agus an fáth atá leis:**

Smaoineamh 1: ______________________

Cén fáth? ______________________

Smaoineamh 2: ______________________

Cén fáth? ______________________

Smaoineamh 3: ______________________

Cén fáth? ______________________

**Do smaointe maidir le conas do shéadchomhartha a léirmhíniú:**

# Gníomhaíocht 5.5: Léirmhíniú do do shéadchomhartha áitiúil a phleanáil

1. D'aidhmeanna – cad is mian leat a bhaint amach i ndáiríre le do léirmhíniú? Cad ba mhaith leat go mbainfeadh daoine amach ag do shuíomh ó thaobh taithí agus foghlama?
2. Do phríomhthéamaí – Cad iad croíscéalta do shuímh? Is féidir leat roinnt acu a fhorbairt, ach déan iarracht díriú ar théama lárnach chun cabhrú le cuairteoirí a thuiscint go héasca cad a chuireann tú ar fáil.
3. Do lucht spéise – Cén daoine ba mhaith leat a mhealladh? Cén lucht spéise atá mar sprioc agat (aois, náisiúntacht, etc.)? Dá mbeifeá ag díriú do léirmhínithe go príomha ar pháistí bunscoile, scríobhfá agus chuirfeá i láthair é ar bhealach difriúil ná mar a dhéanfá dá mbeifeá ag díriú ar chumainn staire nó ar ghrúpaí sainspéise. An bhfuil aon ghrúpaí teanga ar leith ann ar mhaith leat díriú orthu? Cinntigh go ndéantar freastal maith orthu.
4. Cén cineál meáin léirmhínithe a úsáidfidh tú? – Cad iad na teicnící agus na hardáin is fearr a oireann do do bhuiséad agus do do spriocghrúpa? Déan iarracht clár ama agus buiséad a chur le chéile a choimeádfaidh ar an mbóthar ceart thú. Cinntigh go bhfuil dearadh comhsheasmhach agat chun cabhrú le do shuíomh a fhorbairt mar 'branda' ar féidir le cuairteoirí comhthuiscint a chothú leis.
5. Conas a dhéanfaidh tú measúnú ar do léirmhíniú? – Déan suirbhéanna ar chuairteoirí nuair is féidir, agus féach ar an áit a gcaitheann cuairteoirí a gcuid ama ar do shuíomh. Mar shampla, má thugann tú faoi deara go bhfuiltear ag seachaint do phainéal léirmhínithe, b'fhéidir go dtugann sé sin le fios gur gá iad a athdhearadh chun iad a dhéanamh níos tarraingtí.

**Treoracha: Moltar duit anois gníomhú trí léirmhíniú a dhéanamh ar do shéadchomhartha áitiúil. Chun cabhrú leat cinneadh a dhéanamh ar conas a dhéanfaidh tú é seo i ndáiríre, áfach, beidh ort plean léirmhínithe a chruthú, ina ndírítear ar phríomhriachtanais an léirmhínithe (sa bhosca thíos). Lean na céimeanna sa bhosca ar chlé chun tús a chur le do phlean léirmhínithe a fhorbairt. Beidh ort tagairt a dhéanamh do thorthaí do thaighde deisce agus allamuigh agus tú ag pleanáil do léirmhínithe.**

- Caithfidh sé aird a mhealladh
- Bain le hábhar – déan nasc idir an oidhreacht agus taithí na ndaoine féin
- Bí eagraithe go maith agus éasca le tuiscint
- Freastal ar riachtanais lucht spéise éagsúil
- Bíodh téama soiléir agat
- Ní mór dó gan cur isteach ar luach an tséadchomhartha, i.e., ní mór dó teacht le luachanna an tsuímh
- Caithfidh sé a bheith inbhuanaithe gan an iomarca brú a chur ar an bpobal
- Ní mór do do léirmhíniú a bheith fíor
- Caithfidh sé a bheith inrochtana (le haghaidh tuilleadh eolais faoi shuíomhanna oidhreachta inrochtana, féach Cód Cleachtais an Údaráis Náisiúnta Míchumais maidir le Suíomhanna Oidhreachta Inrochtana anseo): https://nda.ie/uploads/publications/Code-of-Practice-on-Accessible-Heritage-Sites-Report.pdf

# Gníomhaíocht 5.6a: Léirmhíniú a dhearadh - painéil

**Treoracha:** Léigh na téacsanna thíos agus líon isteach an bosca cleachtaidh. Chun seo a dhéanamh, ba cheart duit liosta a dhéanamh de na tréithe is mian leat a bheith ag do phainéil léirmhínithe! Nuair a bheidh sé sin déanta, ba chóir duit tosú ag dearadh fréamhshamhlacha de do phainéil agus gléas/páipéar á úsáid.

**Painéil Léirmhínithe**

Is iad painéil léirmhínithe an léirmhíniú is coitianta ag suíomhanna oidhreachta. Smaoinigh ar an saghas eolais is mian leat a thaispeáint ar an bpainéal agus riachtanais do lucht féachana beartaithe á gcur san áireamh. Bealach iontach chun go leor eolas stairiúil a chur in iúl iad líníochtaí tuairimeacha nó athchruthaithe a úsáid a léiríonn cén chuma a d'fhéadfadh a bheith ar an suíomh tráth den saol. Is bealach iontach é seo chun suíomh a thabhairt ar ais chun beatha do chuairteoir agus bíonn pictiúir i bhfad níos éifeachtaí ar chomharthaíocht ná a lán téacs.

Nuair atá tú ag smaoineamh ar phainéal léirmhínithe a chur suas, ba cheart duit an suíomh oiriúnach don chomharthaíocht, a méid agus a scála, a dath agus a cuma chomh maith leis na bunchlocha a bheidh riachtanach chun an comhartha a chur suas a chur san áireamh. D'fhéadfadh go mbeadh measúnú seandálaíochta ag teastáil ag roinnt suíomhanna nuair a bheidh comharthaíocht á cur suas, mar sin déan teagmháil le foireann Glac le Séadchomhartha sula gcuirtear aon chomharthaíocht suas ag do shuíomh. Caithfidh comharthaíocht cloí le hAchtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, dá bhrí sin tá sé tábhachtach comhairle a fháil ó ghairmithe oidhreachta sula ndéantar aon chomharthaíocht a phleanáil.

Ní gá gach painéal léirmhínithe a shocrú ina áit. Tógadh painéil i Rinn Dúin, Co. Ros Comáin ar chapall sábha adhmaid atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, inbhuanaithe agus a thagann leis an tírdhreach nádúrtha. Chiallaigh sé freisin go bhféadfaí iad a bhogadh más gá.

**Cén tréithe ba mhaith leat a bheith i do léirmhíniú?**

**Úsáid é seo chun cabhrú leat teacht aníos le smaointe!**

Chun eolas a fháil faoi na saghsanna éagsúla léirmhínithe is féidir a úsáid ag suíomh, féach: www.heritagecouncil.ie/content/files/bored_of_boards_1mb.pdf

# Gníomhaíocht 5.6b: Léirmhíniú a dhearadh - bealaí

**Treoracha:** Más spéis leat bealach léirmhínithe a dhearadh, léigh an t-eolas thíos agus déan machnamh ar do chuid smaointe faoi conas a d'fhéadfá bealach léirmhínithe a fhorbairt do do shuíomh.

Nuair a bheidh a fhios agat cad atá i gceist, is féidir leat tosú le bealach a fhorbairt. Chomh maith leis sin, b'fhéidir gur mhaith leat smaoineamh ar scripteanna a scríobh, taifeadadh, agus fiú clostreoir a chur ar siúl do chuairteoirí ar do bhealach a chuirtear ar fáil ar shuíomh gréasáin na scoile.

## Bealaí a Fhorbairt

Ceann de na bealaí is éifeachtaí chun suíomhanna a nascadh le chéile chun táirgí turasóireachta agus oidhreachta tarraingteacha a chruthú do chuairteoirí ná bealach oidhreachta a chruthú. Is féidir leis seo cabhrú freisin le do shuíomh nó do cheantar féin a chur chun cinn trí chomhoibriú le suíomhanna eile ar an mbealach. Sula dtosaíonn tú ag obair, moltar go láidir duit labhairt le d'oifigigh oidhreachta agus turasóireachta áitiúla agus le hoifigeach áitiúil Fáilte Éireann, mar d'fhéadfaidís cabhrú leat naisc a chruthú le suíomhanna eile agus b'fhéidir maoiniú agus seirbhísí a aithint chun cabhrú le comharthaí bealaigh nó comharthaí bóthair a chur suas chun an bealach a aithint. Cuireann Spórt Éireann eolas agus comhairle ar fáil freisin maidir le bealaí a fhorbairt ar a suíomh gréasáin: https://www.sportireland.ie/outdoors/trail-development.

Ní hiad painéil an t-aon mhodh chun daoine atá ag leanúint do bhealaigh a threorú agus a chur ar an eolas. Is féidir léarscáil nó bileog a phriontáil agus a chur ar fáil sa cheantar nó ar líne. Tá treoracha digiteacha bealaigh ag éirí níos coitianta freisin. Tugtar eolas i Sraith Straitéisí Bealaí Digiteacha Fáilte Ireland ar a bhfuil i gceist le forbairt na gconairí seo: https://smartdublin.ie/wp-content/uploads/2021/01/Updated-Toolkit-Sept-2022.pdf

**Nuair atá bealach á chruthú agat, cinntigh go bhfuil na nithe seo a leanas curtha san áireamh agat:**

- Bunaigh téama leathan (bíodh sé de réir tréimhse, scéil nó geografach). Ciallaíonn téama láidir go mbeidh sé níos fusa do bhealach 'a bhrandáil' agus a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne.
- An cosán tiomána, rothaíochta nó siúil a bheidh ann? Smaoinigh ar na riachtanais do gach ceann. Más bealach tiomána atá ann, an bhfuil páirceáil oiriúnach ag gach suíomh? Más bealach siúil nó rothaíochta atá ann, bí cinnte nach bhfuil an bealach ar bhóithre contúirteacha ar a bhfuil trácht ardluais.
- Roghnú Láithreacha Inspéise (POI) – cinntigh ar dtús go bhfuil cead agat an suíomh a chur ar an mbealach, agus go bhfuil sé sábháilte do chuairteoirí (níl aon tairbh sa pháirc!). Cinntigh go hoibiachtúil gur fiú cuairt a thabhairt ar gach stad ar a fhiúntas féin, mar thoradh air sin beidh muinín níos mó agat as do bhealach agus beidh níos mó tacaíochta ann i measc cuairteoirí.
- Don chéad Láthair Inspéise, ba chóir go mbeadh sé in ionad cuairteoirí, nó i mbaile ina bhfuil áiseanna agus siopaí in aice láimhe. Is fearr i gcónaí bealach lúibe a úsáid ina mbaineann cuairteoirí ceann scríbe amach san áit ar thosaigh siad.
- Ná cuir an iomarca Láithreacha Inspéise ar an mbealach, déan iarracht cláir thaistil mholta a chruthú más féidir – cad a fheicfear i gceann uair an chloig, cad a fheicfear i rith lae etc. Smaoinigh ar an méid ama a thógfadh sé an turas a dhéanamh, agus dóthain ama á thabhairt ag gach Láthair Inspéise.
- Aithin an suíomh is fearr agus an méid comharthaí léirmhínithe agus bealaigh a theastaíonn. Cabhróidh sé seo leat díriú níos fearr ar an rogha maoinithe is fearr atá agat. Déan teagmháil le húinéirí talún faoi chomharthaíocht a chur suas agus faigh ceadanna comharthaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil má tá láithreacha inspéise suite ar thalamh na comhairle contae.

# Gníomhaíocht 5.7: Do léirmhíniú a dhéanamh inrochtana do chách

**Treoracha:** Anois agus cinneadh déanta agat faoin saghas léirmhínithe is mian leat a chruthú do do shéadchomhartha, ba cheart duit a chinntiú go ndéanann tú é chomh hinrochtana agus is féidir. Baineann sé seo le bacainní féideartha ar inrochtaineacht a aithint agus gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh chun iad seo a shárú.

Léigh an t-aicmiú ar bhacainní féideartha ar léirmhíniú inrochtana thíos. Bain úsáid as an eolas seo chun cabhrú leat céimeanna dearfacha a aithint ar féidir leat tabhairt fúthu chun do léirmhíniú a dhéanamh inrochtana do chách.

Tagann daoine difriúla ar eolas ar bhealaí difriúla – is fearr le cuid acu léamh, is mian le daoine eile cluiche a imirt nó éisteacht le treoir fuaime. Déan iarracht freastal ar leibhéil chumais agus airde éagsúla i do léirmhíniú. Ní mór duit a chur san áireamh freisin nach gcruthaíonn tú aon 'bhacainní' i ngan fhios ar dhaoine rochtain a fháil ar do léirmhíniú agus é a thuiscint. Mar a luaigh English Heritage, d'fhéadfadh na bacainní seo a leanas a bheith i gceist:

- Bacainní intleachtúla – tá an léirmhíniú rótheicniúil agus ródheacair lena thuiscint. Tá an téacs rófhada agus róthirim, agus ró-úsáid á baint as béarlagair.
- Bacainní céadfacha – an bhfuil an téacs mór go leor le go léifidh daoine é?
- Bacainní fisiciúla – an bhfuil sé ró-ard d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí nó do leanaí lena léamh?
- Bacainní cultúrtha – an bhfuil sé i mBéarla amháin? An bhfuil an t-eolas ag brath an iomarca ar thagairtí cultúrtha atá neamhchoitianta lasmuigh d'Éirinn?
- Bacainní airgeadais – an bhfuil na costais ró-ard? Páirceáil, táille iontrála, treoir fuaime ar cíos? Bailíonn brobh beart.
- Bacainní eagrúcháin – an bhfuil imeachtaí sceidealaithe i lár na seachtaine amháin?

**Conas a sháróidh tú na bacainní seo?**

**Conas a chuirfidh tú do léirmhíniú ar fáil?**

# Gníomhaíocht 5.8: Modhanna agus buntáistí a bhaineann le bheith ag plé leis an oidhreacht

**Treoracha:** B'fhéidir gur mhaith leat do shéadchomhartha a chur chun cinn i measc lucht sainspéise chomh leathan agus is féidir. Más amhlaidh, is fiú machnamh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfá é seo a bhaint amach. D'fhéadfadh modhanna éagsúla cur chun cinn a fhiosrú a bheith i gceist leis seo, chomh maith le bheith ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le bheith ag plé leis an oidhreacht, do shéadchomhartha áitiúil san áireamh (agus iad a chur in iúl do dhaoine eile).

Cruthaigh smaointe maidir le conas a d'fhéadfá dul i mbun do shéadchomhartha áitiúil a chur chun cinn sa phobal agus ar bhonn níos leithne trí na boscaí cleachtaidh thíos a úsáid chun treoir a thabhairt do d'obair.

**Cad iad na modhanna a d'fhéadfá a úsáid chun do shéadchomhartha a chur chun cinn agus daoine a chur ar an eolas faoi?**

**Cad iad na buntáistí a bhaineann le bheith ag plé leis an oidhreacht, séadchomharthaí áitiúla san áireamh?**

| Do dhaoine | Do phobail |
|---|---|
| | |

# Gníomhaíocht 5.8: Modhanna agus buntáistí a bhaineann le bheith ag plé leis an oidhreacht

**Freagraí féideartha:** Déan comparáid idir do chuid freagraí agus an t-eolas atá liostaithe thíos.

**Cad iad na modhanna a d'fhéadfá a úsáid chun do shéadchomhartha a chur chun cinn agus daoine a chur ar an eolas faoi?**

- Preasráiteas a eisiúint
- Suíomh gréasáin a chruthú
- Na meáin shóisialta a úsáid
- Grianghraif den suíomh a úsáid
- Imeachtaí a chuireann an suíomh chun cinn, imeacht Sheachtain na hOidhreachta san áireamh, a chur ar siúl

**Buntáistí féideartha don phobal**

- Mórtas áite níos mó
- Féiniúlacht phobail
- Comhtháthú pobail
- Rannpháirtíocht mhéadaithe sa saol sibhialta
- Ionchuimsiú sóisialta
- Spásanna sóisialta a chruthú
- Iompar a chosnaíonn an comhshaol níos mó

## An Oidhreacht agus Folláine

Tá grúpaí Glac le Séadchomhartha ag déanamh difríochta cheana féin d'fholláine a bpobail tríd an mbail atá ar an séadchomhartha a ghlac siad a fheabhsú, imeachtaí a chur ar siúl, an suíomh a chur chun cinn chun cuairteoirí a mhealladh a bhfuil súil acu go gcuirfidh siad leis an ngeilleagar áitiúil, rochtain ar a suíomh nó ar eolas faoin suíomh a fheabhsú i gcás ina bhfuil rochtain fhisiciúil deacair nó dodhéanta.

Le blianta beaga anuas tá níos mó taighde á dhéanamh ar an tionchar is féidir leis an oidhreacht agus an obair dheonach a imirt ar fholláine agus meabhairshláinte. Aithníodh go leor buntáistí ar leibhéal an duine aonair agus an phobail araon cosúil leo siúd atá liostaithe thíos.

### Tairbhí féideartha aonair

- Cóngas sóisialta
- Braistint chómhuintearais
- Braistint cheangail le háit
- A mhothú go bhfuil feidhm agat
- Laghdú ar aonrú/uaigneas
- Sláinte ghinearálta níos fearr
- Meath cognaíoch a mhoilliú
- Oideachas, leasanna ábhair spéise nua
- Féinmhuinín níos fearr
- Féinmheas níos mó
- Scileanna inaistrithe a fhoghlaim
- Meabhairshláinte níos fearr

# Gníomhaíocht 5.9: Do shéadchomhartha a chur chun cinn trí phreasráiteas

**Treoracha:** Má rinne do thaighde deisce agus allamuigh ar do shéadchomhartha áitiúil rud éigin nua (nó nach bhfuil mórán eolais air) a nochtadh, is fiú duit é seo a úsáid chun cabhrú leat preasráiteas a scríobh. Is doiciméad é preasráiteas a sheoltar chuig na meáin chun iad a chur ar an eolas faoi rud éigin is ábhar nuachta. Is bealach iontach é preasráiteas a eisiúint chun do shéadchomhartha (agus do thaighde) a phoibliú agus a chur chun cinn, toisc go bhféadfadh asraonta meán éagsúla an scéal a scaipeadh. Bain úsáid as an eolas thíos chun cabhrú leat ceann a dhréachtú!

**Cad a d'fhoghlaim tú faoi do shéadchomhartha ar chóir daoine eile a chur ar an eolas air freisin?:**

## Conas Preasráiteas a Ullmhú

Is féidir le preasráiteas a scríobh a bheith deacair. Tá roinnt bunghnéithe ann nach mór a chur san áireamh i do phreasráiteas.

- Caithfidh ábhar nuachta a bheith ann – ba chóir go mbeadh do phreasráiteas tarraingteach agus go mbeadh rud éigin ann ar ábhar nuachta é
- Caithfidh fíricí a bheith ann, seachas do thuairimí féin.
- Ba chóir go bhfreagródh sé na ceisteanna tábhachtacha go léir sa chéad alt – cé, cad, cén fáth, cá háit agus cathain. Bí soiléir faoin áit go díreach a bhfuil tú ag tagairt dó, go háirithe má tá tú á sheoladh chuig na meáin réigiúnacha nó náisiúnta.
- Bíodh an t-eolas tábhachtach go léir ag tús do phíosa mar go ngearrtar preasráitis ón mbun aníos.
- Bí cinnte eolas teagmhála a chur san áireamh sa chás go mbeadh aon cheist ag an bhfaighteoir


# Gníomhaíocht 5.10: Foinsí maoinithe

**Comhthéacs:** Tá go leor comhlachtaí agus scéimeanna maoinithe éagsúla ann ar féidir le grúpaí pobail iarratas a dhéanamh orthu le haghaidh airgid chun tionscadail a bhaineann le hoidhreacht a reáchtáil. Tar éis duit na chéad chéimeanna a ghlacadh chun foghlaim faoi d'oidhreacht áitiúil féin agus í a chosaint tríd an modúl Idirbhliana Glac le Séadchomhartha, is fiú eolas a fhoghlaim ar na foinsí maoinithe seo sa chás gur mian leat do thionscadal níos mó féin a fhorbairt le páirtithe leasmhara eile i do phobal. Lean na treoracha thíos chun comórtas póstaer a reáchtáil chun feasacht a mhúscailt faoi fhoinsí maoinithe do thionscadail oidhreachta.

## Comórtas póstaer

Is féidir eolas faoi chomhlachtaí agus scéimeanna maoinithe éagsúla a fháil i gCaibidil 8 (lgh 59-68 go sonrach) den leabhar *Glac le Séadchomhartha: Treoir maidir le Tionscadail Seandálaíochta Pobail*. Ag obair i ngrúpaí, reáchtáil comórtas póstaer ranga bunaithe ar an eolas seo. Ba chóir go mbeadh an méid seo a leanas i bpóstaer gach grúpa:

1. Íomhánna/lógónna ábhartha
2. Ainmneacha na gcomhlachtaí maoinithe
3. Ainmneacha na scéimeanna maoinithe a bhfuil baint acu le gach comhlacht/eagraíocht
4. Léargas Ginearálta ar na scéimeanna maoinithe éagsúla féin (e.g. cad a chumhdaítear leo/cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh/cad é a gcuspóir)




Foilseachán iomlán ar fáil le híoslódáil saor in aisce ANSEO

# Gníomhaíocht 5.11: Machnamh ar do mhodúl Idirbhliana Glac le Séadchomhartha

**Treoracha:** Úsáid na cleachtaí thíos chun cabhrú leat machnamh a dhéanamh ar a bhfuil déanta agus bainte amach agat tríd an modúl Idirbhliana Glac le Séadchomhartha. Tá sé seo tábhachtach chun d'fhoghlaim a chur i bhfeidhm agus chun meiteachognaíocht (smaoineamh ar an smaointeoireacht) a chur chun cinn.

**Liostaigh na príomhchoincheapa agus an t-eolas nua a d'fhoghlaim tú a bhaineann le hoidhreacht le linn an mhodúil seo:**

**Liostaigh na gníomhaíochtaí a chríochnaigh tú mar chuid den mhodúl seo:**

**Dar leatsa, cad iad na rudaí is tábhachtaí agus is mó a gcuimhneoidh tú orthu a d'fhoghlaim tú agus an modúl seo á dhéanamh agat?**

Más mian le do rang a dtuiscint ar an modúl seo a roinnt leis an gComhairle Oidhreachta, is féidir le múinteoirí grianghraif de bhileog oibre amháin nó níos mó a sheoladh ar ríomhphost agus **'Machnamh ar an Modúl Idirbhliana Glac le Séadchomhartha'** a scríobh sa líne ábhair chuig: heritageinschools@heritagecouncil.ie

# Buíochas

Curtha le chéile ag an gComhairle Oidhreachta i gcomhar le Abarta Heritage.

Cruthaithe ag an Dr Eoin Ó Donnchadha bunaithe ar *Glac le Séadchomhartha ón gComhairle Oidhreachta: Treoir maidir le Tionscadail Seandálaíochta Pobail* de chuid na Comhairle Oidhreachta.

Curtha in eagar ag Ian Doyle agus Róisín Burke

Cuirtear buíochas speisialta in iúl do: Sandra Downey, Jesmond Harding agus Seán Ó Riain as an acmhainn seo a athbhreithniú agus a thriail.

Dearadh: Ian Barry

Aistrithe ag Darren Mac Uidheas

Deireadh Fómhair 2025

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council